National Roads Authority
An tÚdarás um Bóithre Náisiúnta

An tÚdarás um Bóithre Náisiúnta
Tuarascáil Bhliantúil & Cuntais don bhliain 2014

An tÚdarás um Bóithre Náisiúnta

Tuarascáil Bhliantúil agus Cuntais don bhliain 2014

Clár ábhar

RÉAMHRÁ AN CHATHAOIRLIGH	1
RÁITEAS AN PHRÍOMHFHEIDHMEANNAIGH	2
CAIBIDIL 1: OIBRÍOCHTAÍ AGUS COTHABHÁIL AN GHRÉASÁIN	3
CAIBIDIL 2: FEABHSUITHE DON GHRÉASÁN	6
CAIBIDIL 3: SEIRBHÍSÍ TAIGHDE AGUS SPEISIALTACHTA	8
CHAPTER 4:MAIDIR LEIS AN ÚDARÁS UM BÓITHRE NÁISIÚNTA	13
AN TACHT UM ÍOC PRAS CUNTAS, 1997	16
RÁITIS AIRGEADAIS	21
COMHALTAÍ BOIRD	46

Réamhrá an Chathaoirligh

Is cúis áthais dom a thuairisciú go bhfacthas an chéad chéim d'fhilleadh ar ghnáthghníomhaíocht don Údarás um Bóithre Náisiúnta sa bhliain 2014. Soláthraíodh tuilleadh fianaise le tosú na scéime Mhótharbhealach M17/M18 i rith na bliana go raibh Éire tar éis filleadh go rathúil ar na margaí airgeadais. Bhí ríméad ar an Údarás líon institiúidí airgeadais eachtracha nach beag ag glacadh rannpháirte sa saothar maoinithe tábhachtach sin. Gabhaimid buíochas leis an NDFA as ucht a chomhoibre chun an maoiniú sin a shlánú. Leanfaidh tionscadail mhóra eile san sála ar an maoiniú tionscadail urfhuascailte sin i gcaitheamh na bliana 2015.

I dteannta leis an bhfilleadh ar fhorbairt na dtionscadal mór, rinneadh dul chun cinn nach beag i leith mionscéimeanna bóithre eile. Is i gCaibidil 2 faoi Fheabhsuithe don Ghréasán a fhaightear an dul chun cinn foriomlán i leith mórscéimeanna agus mionscéimeanna.

Féachann an tÚdarás go leanúnach chun caighdeáin arda a chothabháil, tríd an nuálaíocht, idir nuashonrú ár gcaighdeán deartha bóithre agus optamú na cothabhála a lorg trí mhonatóireacht leanúnach ar riocht bóithre. Cé go n-aithníonn an tÚdarás go raibh an Rialtas ag feidhmiú faoi airgeadais srianta, tá sé tábhachtach go bhféadfadh meathlú sócmhainní poiblí ardluacha ar nós mótarbhealaí agus bóithre eile teacht mar thoradh ar an infheistíocht easnamhach. Saothróimid leis an Rialtas chun an gá chun bóithre mór a athchur ina n-iomláine amach anseo a chosc trí bhainistiú sócmhainní a fheabhsú agus trí infheistíocht thráthúil a dhéanamh sa chothabháil.

Ba mhaith liom buíochas a ghabháil lenár nAire Paschal Donohoe T.D. agus lena oifigigh sa Roinn Iompair, Turasóireachta agus Spóirt. Ba mhaith liomsa agus le mo chomhghleacaithe ar an Údarás buíochas a ghabháil le foireann an Údaráis as ucht a saothair chrua le bliain anuas agus go sonrach as bainistiú buiséid laghdaithe ar bhealach fíor-éifeachtúil.

Cormac O'Rourke
Cathaoirleach

Ráiteas an Phríomhfheidhmeannaigh

Tháinig fás ar an trácht ar ár ngréasán bóithre náisiúnta i rith na bliana 2014, agus ó shin i leith, rud a léiríonn an fás náisiúnta san fhostaíocht agus sa daonra. Feartar fáilte Uí Cheallaigh roimh an teacht aniar seo, ach is dúshlán leanúnach é an fás san éileamh do sholáthróirí bonneagair mar sinn féin. Is amhlaidh go sonrach an méid sin toisc nach raibh nuachóiriú ghréasán bóithre náisiúnta na hÉireann críochnaithe nuair a tháinig an ghéarchéim airgeadais aníos, cé go bhfacthas feabhsuithe iontacha le deich mbliana anuas.

Bhain srianadh le maoiniú Stáit na seirbhísí poiblí le blianta fada anois, ach d'éirigh an maoiniú ón earnáil phríobháideach ní b'infhaighte, agus is trí Chomhpháirtíochtaí Príobháideacha atáthar ag seachadadh ár mórchláir fheabhsaithe chaipitiúil. Na heochairfhorbairtí sa bhliain 2014:

- Leanadh ar aghaidh le tógáil na scéime N11 idir an tInbhear Mór agus Ráth Naoi, agus uasghrádú acomhal Chrois an Fhearainn Nua á oscailt don trácht ag deireadh na bliana.
- Cuireadh tús le tógáil na scéime idir an Gort agus Tuaim ar fiú €550 milliún í. Áirítear 57km débhealaigh leis an scéim sin, agus 74km de bhóithre eile.
- Tá trí CPP amuigh ar tairiscint, leis an tógáil ar na bioráin don bhliain 2015. Is iad sin scéim an N11 idir Guaire agus Inis Córthaigh, Seachbhóthar an N25 Ros Mhic Thriúin, agus trí Limistéar Seirbhíse.

Is croíthosaíocht dúinne é feabhsú na sábháilteachta d'úsáideoirí bóithre, agus rinne an tÚdarás anailís ar chéad caoga suíomh imbhuailtí i rith na bliana 2014. Is minic a thagann scéimeanna feabhsaithe áitiúla mar thoradh ar anailís i leith na suíomhanna imbhuailtí, ar sampla de sin é baint na gcastaí ar feadh an N2 idir Muineachán agus Scairbh na gCaorach. Ba cheann amháin í an scéim úd de thuairim caoga mionscéim arna pleanáil nó arna tógáil sa bhliain 2014.

Tá an tÚdarás lánghníomhach le freagairt do Rialacháin nua an AE i leith an Ghréasáin Iompair Thras-Eorpaigh (Ten-T), lena n-áirítear go leor dár ngréasán bóithre náisiúnta. Táthar ag pleanáil nascálacha feabhsaithe le calafoirt Fhainge agus Rinn an Scidígh Chorcaí, arna n-éileamh sna rialacháin. Athbhreithníodh ár mBeartas Limistéir Sheirbhíse freisin i gcomhthéacs na rialachán, agus glacadh le beartas nuashonraithe tar éis comhairliúcháin phoiblí fhairsing.

Ba mhaith liom buíochas a ghabháil leis an Aire Paschal Donohoe T.D., an Roinn Iompair, Turasóireachta agus Spóirt, le mo chomhghleacaithe is Comhaltaí Boird, lenár gCathaoirleach Cormac O'Rourke, lenár bhfoireann oifige réigiúnaí, agus le foireann go léir an Údaráis i dteannta lenár soláthróirí seirbhíse agus conraitheoirí iomadúla a fheidhmíonn ról rílárnach inár ngnó laethúil, as ucht a dtacaíochta agus a dtiomantais sa bhliain 2014.

Fred Barry
Príomhfheidhmeannach

Caibidil 1 Oibríochtaí agus Cothabháil an Ghréasáin

Tá méadú de réir a chéile tar éis teacht ar ról díreach an Údaráis in oibriú agus cothabháil an ghréasáin bhóithre náisiúnta sna blianta ó cruthaíodh an tÚdarás faoi théarmaí an tAcht um Bóithre, 1993. Is le blianta beaga anuas is mó a chonacthas an t-athrú de réir a chéile ina rólsan, le críochnú an mhórghréasáin mhótarbhealaí idirchathrach agus leis an riachtanas chun codanna ríchasta de bhonneagar bóithre a bhainistiú.

Is é an tÚdarás atá freagrach as oibriú, cothabháil, athnuachan agus feabhsú tacair éagsúil sócmhainní bóithre arb é an gréasán bóithre náisiúnta i dteannta a chéile iad. Ar imeall amháin de, is iad na mótarbhealaí nua-aoiseacha nuathógtha atá ann, lena mbaineann pábhálacha bóithre, struchtúir dhroichid agus gnéithe eile ar dea-dheartha, lánsainithe iad, agus a chloíonn leis na caighdeáin deartha is déanaí. Ag an imeall eile de, tá na bealaí oidhreachta ísealtoirte ann, go háirithe ár mbealaí tánaisteacha náisiúnta ar feadh an chósta, ar tháinig athrú de réir a chéile le himeachta ama orthu agus nach gcloíonn d'aonfhoirm leis na caighdeáin nua-aimseartha, i dtéarmaí alinithe, trasghearrtha ná struchtúir phábhála. Go bunúsach, déanann an tÚdarás bainistiú ar dhá ghréasán éagsúla agus dhíchosúla, agus bíonn orainn níos minice cur chuige éagsúil ach ar comhoiriúnach le chéile iad a ghlacadh i leith bhainistiú na ngréasán úd.

Ghabh an tÚdarás freagracht dhíreach air féin as bainistiú, oibriú agus cothabháil an ghréasáin débhealaigh sa bhliain 2013, ag baint leasa as trí oibreoir cothabhála réigiúnacha chun leibhéal seirbhíse comhsheasmhach a sheachadadh ar fud an ghréasáin mhótharbhealaí.

Ionad Rialaithe Tráchta

Is cuid ríthábhachtach d'oibríochtaí laethúla gréasáin í an mhonatóireacht ar an ngréasán agus an chumarsáid leis an úsáideoir bóithre, agus í anois ina ceangaltas AE ar an ngréasán TEN-T. Tá Ionad Rialaithe Tráchta Mótarbhealaigh (IRTM) ag an Údarás, suite ag Tollán Chalafort Bhaile Átha Cliath. Is é an príomhról atá aige monatóireacht ar dhéanamh ar ghluaiseachtaí tráchta agus imeachtaí a bhféadann tionchar bheith acu ar úsáideoirí bóithre a fhógairt dóibh, trí mheán Comharthaí Teachtaireachta Athraitheacha (CTA) agus foláirimh ríomhphoist, ag cur ar chumas tiománaithe dá réír chun cinntí taistil iomhchuí a dhéanamh.

Oibríonn an tIonad Rialaithe Trácht go díreach freisin leis na húdaráis áitiúla, leis na hOibreoirí CPP, leis na Conraitheoirí Cothabhála agus Athnuachan Mótarbhealaigh ábhartha, agus le gach geallsealbhóir ábhartha eile i gcás briste tromchúisigh an ghréasáin. Déanann an IRTM monatóireacht ar thrácht ar an M50 agus ar na bealaí láithreacha gathacha chuige ón ngréasán bóithre náisiúnta, chomh maith le Tollán Chalafort Bhaile Átha Cliath agus Tollán Jack Lynch trí úsáid a chórais CCTV. I dteannta leis an monatóireacht ar thrácht, ab amhlaidh a bhainistigh an tIonad Rialaithe Tráchta glaonna ó ní ba mhó ná 1,200 Guthán Freagra Éigeandála (GFÉ). Faightear os cionn 200 glao éigeandála go hiondúil gach mí ó úsáideoirí bóithre, ag lorg cúnaimh ar chúiseanna éagsúla, lena n-áirítear tuairisciú imbhuailte feithiclí, cliste, lánídithe breosla agus ag lorg treoracha. Déantar gach guthán ar an ngréasán a gheo-thagairt ionas gur féidir leis an oibreoir suíomh beacht an ghutháin ar feadh an bhealaigh a aithint, lena n-áirítear treo an taistil, agus bheith in ann dá réir suíomh cruinn a thabhairt don té atá ag glaoch, agus do na seirbhísí aisghabhála nó éigeandála más gá.

Tabhair cuair ar láithreán gréasáin an Údaráis i gcomhair tuilleadh eolas i leith Seirbhísí Faisnéise Taistil ag: www.nratraffic.ie.

Pábháil

Téann an phábháil in aois agus meathlaíonn sí de bharr ualú thráchta athfillteach agus nochta do luaineachtaí teochta agus chiont taise; is féidir leo roinnt strus feidhmiúil agus struchtúrach a léiriú mar thoradh air sin. Áirítear leo siúd:

- Sclagadh rianta rotha;
- gairbhe mhéadaitheach;
- scoilteadh, agus
- cailliúint friotaimh i gcoinne sciorrtha.

Is é an tÚdarás a ghabhann faoi shuirbhéanna reachta bliantúla ar an ngréasán. Baineann tomhas agus taifeadadh riocht an ghréasáin bhóithre náisiúnta iomláin leis na suirbhéanna trí leas a bhaint as feithiclí speisialaithe ar a n-iompraítear gairis sofaisticiúla léasair, físeáin agus geo-thagartha. Áirítear leis na tomhais a dhéantar próifíl an bhóthair (idir thrasphróifíl agus fhadphróifíl), sclagadh, scoilteadh, agus tréithe meathlaithe eile nach iad.

Is iad na suirbhéanna reachta, i dteaglaim leis na réamh-mheastacháin don ráta meathlaithe faoi chomhair reachtaí agus imthosca bóithre éagsúla, a ligeann dúinn na riachtanais chothabhála/fhorleagain a réamh-mheas agus phleanáil amach anseo.

Struchtúir

Tá tuairim 3,000 struchtúr droichid ag an ngréasán bóithre náisiúnta. Tá difríochtaí móra idir tréithe na ndroichead ar an ngréasán bóithre stairiúil le hais an ghréasáin mhótarbhealaí nua-aimseartha. Is í an phríomhdhifríocht gur droichid stuacha den chuid is mó atá sa ghréasán stairiúil, agus nach bhfuil aon droichead stuach ar an ngréasán mótarbhealaí. Teastaíonn monatóireacht breise agus imscrúdú leanúnach ón ngréasán droichead stuach stairiúil mar thoradh air sin.

Tá gach ceann dár ndroichid nua-aimseartha, a tógadh ón mbliain 1980 i leith, deartha de réir na gcaighdeán nua-aimseartha agus is féidir leo fónamh d'ualaigh fheithicle i bhfad os cionn iad siúd a fhorordaítear i gcaighdeáin reatha an AE. Caithfear an cumas beirthe ualaigh a mheasúnú i gcás na struchtúr nios sine ar bhunús shamhaltú matamaiticiúil an struchtúir. I gcás roinnt struchtúr, d'fhéadfadh líníochtaí agus taifid eile bheith ar fáil chun cúnamh leis an anailís struchtúrach; ach is ríbheag an líon struchtúr arb amhlaidh ina leithsean. I gcás mhóramh na struchtúr seanda, caithfear braith san anailís ar thomhais allamuigh agus ar shonraí a chnuasaítear ó fhiosrúcháin suímh. Is amhlaidh dá bharr sin go gcaithfear réimeas bainistithe agus monatóireachta a fhorfheidhmiú i leith na struchtúr droichid úd a mheastar 'go sealadhach' gan bheith chuig caighdeán nua-aimseartha. Is é an tÚdarás a fhorfheidhmíonn próiseas bainistíochta i leith na struchtúr úd lena mbaineann monatóireacht leanúnach, minice mhéadaithe na bpríomhscrúduithe, agus athchur le struchtúir dhroichid nua de réir mar is gá.

An Garda Síochána

Is mar a chéile iad go leor de ghníomhaíochtaí an Údaráis agus gníomhaíochtaí An Garda Síochána. Áirítear leis na limistéir sin an bainistiú tráchta, bainistiú teagmhas agus éigeandála, agus luasteorainneacha.

Is le blianta beaga anuas atá an tÚdarás tar éis córas léarscáilithe Malairte Slí a fhorbairt do na mórbhealaí idirchathrach, agus cuireadh an saothar ar aghaidh sa bhliain 2014 i leith fhorbairt na cáipéisíochta treorach náisiúnta chun dul i ngleic le teagmhais ar an ngréasán ardluais mhótarbhealaigh agus débhealaigh.

Bunú an IRTM agus soláthar leibhéal suntasach an Bhonneagair Chórais Iompair Chliste, lena n-áirítear VMS agus ERT; cheadaigh said don Údarás bheith níos onnghníomhaí i dtéarmaí tacaíocht agus cúnamh a sholáthar do ghníomhaíochtaí An Garda Síochána ar na codanna níos gnóthaí don ghréasán bóithre náisiúnta.

Sábháilteacht ar Bhóithre

Tá freagrachtaí fairsinge ag an Údarás as an tsábháilteacht ar bhóithre ag éirí as na hAchtanna um Bóithre, Treoir an AE um Bainistiú Sábháilteachta Bonneagair Bhóithre, chomh maith le Treoir Sábháilteachta na dTollán. Táthar ag déanamh imscrúduithe sábháilteachta ar an ngréasán iomlán mar fhreagra don treoir, agus tugadh chun críche den chuid ba mhó iad sa bhliain 2014. Múnlóidh na torthaí na feabhsuithe sábháilteachta atá ar na bacáin don bhliain 2015 anois.

Is é an tÚdarás freisin atá freagrach as faomhadh na n-athruithe don luasteorainn ar an ngréasán bóithre náisiúnta faoi na hAchtanna um Bóithre Tráchta. Tagann gach dearadh tógála nua faoi réir chaighdeáin deartha an Údaráis, cuirtear gach tógáil bóithre nua faoi réir athbhreithniú sábháilteachta agus iniúchta sular osclaíodh don trácht iad.

Seirbhísí Geimhridh

Is éard is cuspóir leis na seirbhísí geimhridh ná chun a chinntiú, chomh fada agus is infheidhmithe go réasúnta, gur féidir leas a bhaint as bóithre náisiúnta straitéiseacha ar bhealach sábháilte, éifeachtúil, eacnamúil agus inbhuanaithe i rith an gheimhridh trí éifeachtaí guaiseacha na gcoinníollacha geimhriúla ar an ngréasán a íoslaghú. Gnóthaítear an méid sin trí:

- comhordú lárnach na n-oibríochtaí seirbhíse geimhridh;
- soláthar cúnaimh chinnteoireachta geimhridh straitéisigh, agus
- bainistiú salainne láraithe.

Comhordaíonn an tÚdarás seirbhísí geimhridh go lárnach chun a chinntiú go seachadann conraitheoirí cothabhála mótarbhealaigh agus na húdaráis áitiúla na hoibríochtaí ar bhealach comhsheasmhach agus iomchuí. Gnóthaítear an méid sin trí:

- caighdeáin a shocrú trí fhoilsiú lámhleabhair sheirbhíse geimhridh agus teimpléid phlean seirbhíse an ÚBN;
- fáil agus athbhreithniú na bpleananna seirbhíse geimhridh;
- monatóireacht ag údarais áitiúla agus seirbhísí cothabhála mótarbhealaigh ar oibríochtaí geimhridh chun comhsheasmhacht a chinntiú;
- cistiú a sholáthar d'údaráis áitiúla as ceannach tuairim 37 leatóir salainne agus 56 céachta sneachta (ag tabhairt líonta iomlána atá ar fáil chuig 303 agus 255 faoi seach);
- cistiú a sholáthar d'oibríochtaí bliantúla leanúnacha geimhridh (leathadh salainne), agus
- óstáil na comhdhála bliantúla seirbhíse geimhridh an ÚBN.

Caibidil 2 Feabhsuithe don Ghréasán

Tá os cionn 5,400km de bhóithre poiblí sa ghréasán bóithre náisiúnta, idir bhóithre tuaithe aonbhealaigh agus mhótarbhealach. Rinneadh dul chun cinn suntasach i leith uasghrádú an ghréasáin le blianta beaga anuas, ach is faoi bhun an chaighdeáin é go leor den ghréasán oidhreachta, agus teastaíonn feabhsú uaidh.

Mór-Scéimeanna

Is mar seo a leanas é stádas na scéimeanna feabhsaithe gréasáin leanúnacha...

Mór-Scéim Amháin Tugtha chun Críche sa bhliain 2014:

N7	Uasghrádú Acomhal Chrois na Fhearainn Nua

Dhá Mhór-scéim arna dTógáil sa bhliain 2014:

M11	An tInbhear Mór-Ráth Naoi
M17/M18	An Gort chuig Tuaim

Mór-Scéimeanna arna bPleanáil sa bhliain 2014:

Tá líon na scéimeanna a bhfuiltear á bpleanáil go gníomhach i láthair na huaire tar éis laghdú le blianta beaga anuas, d'ainneoin sin tá leibhéal suntasach gníomhaíochta fós ar bun. Is liosta atá sa mhéid seo a leanas de na mór-scéimeanna i mbun pleanála.

- N2 Seachbhóthar Bhaile Átha Fhirdhia
- N4 Cúil Mhuine chuig Béal Átha na gCarraigíní
- N4 M50 chuig Acomhal 8 Cill Choca
- N5 Cathair na Mart chuig Turlach
- N5/26/58 Turlach chuig Both Chomhla
- N5 Seachbhóthar Bhealach an Doirín chuig Scramóg
- N6 Seachbhóthar Chathair na Gaillimhe
- N7 An Nás/An Droichead Nua
- M8/N40 Uasghrádú d'Acomhal Dhún Citil
- N13/N14/N15 Scéimeanna Dhún na nGall
- Nasc N14/15 chuig A5
- N22 Baile Bhuirne chuig Maigh Chromtha
- N28 Cathair Chorcaí chuig Rinn an Scidígh
- N56 Tamhnach an tSalainn chuig Inbhear
- N56 An Clochán Liath chuig Na Gleannta
- N59 Seachbhóthar Mhaigh Cuilinn
- N59 An Clochán chuig Uachtar Ard
- N59 Cathair na Mart chuig An Mhala Raithní
- N21/69 Luimneach chuig Faing
- N69 Seachbhóthar Liost Tuathail

Mór-Thosuithe Tógála a bhFuiltear ag Dúil leo sa bhliain 2015:

N11	Guaire chuig Inis Córthaidh
N25	Seachbhóthar Ros Mhic Thriúin
M 6/9/11	Tráinse 2 (CPP) Limistéir Sheirbhíse

Mion-Scéimeanna

Bhí deich mionscéim á dtógáil i rith na bliana 2014, agus tugadh dhá cheann de na scéimeanna sin chun críche sa bhliain 2014, le tógáil fhuílligh á leanúint ar aghaidh isteach sa bhliain 2015. Leanadh ar aghaidh pleanáil agus dearadh timpeall caoga mionscéim sa bhliain 2014, ionas go mbeidh clár mionscéimeanna ar fáil chun tógála de réir mar a cheadaítear faoin gcistiú.

N18 Inse

Caibidil 3 Seirbhísí Taighde agus Speisialtachta

Taighde agus Caighdeáin

D'fhorbair an tÚdarás foireann cáipéisí chun an chreatlach a sholáthar faoina bpleanáiltear, faoina ndeartar, faoina dtógtar agus faoina gcothabháiltear gréasán bóithre na hÉireann. Is sna cáipéisí úd a sholáthraítear na caighdeáin agus sonraíochtaí arb éigeantach iad don c.5,300km de bhóithre náisiúnta in Éirinn, ach a mbaintear leas astu go forleathan ag Údaráis Áitiúla don chóras bóithre neamh-náisiúnta. Tá na cáipéisí úd, atá mar chuid de Lámhleabhar Deartha an ÚBN do Bhóithre agus Droichid (LDBD) agus de Lámhleabhar Cáipéisí Conartha an ÚBN d'Oibreacha Bóthair (LCCOB), ar fáil saor in aisce ar líne ag http://nrastandards.nra.ie/.

Cuireadh tús le hathbhreithniú agus nuashonrú mór sa bhliain 2014 agus táthar chun iad a chríochnú sa bhliain 2015 ar riachtanais teicniúla an Údaráis a fhaightear sna caighdeáin úd. Tiocfaidh athchur tacair iomláin na gcáipéisí mar thoradh air sin, i gcomhréir le cumasc an ÚBN agus GFI chun Bonneagar Iompair Éireann (BIÉ) a bhunú, a athbhrandófar mar Fhoilseacháin BIÉ. Táthar chun an córas nua a sheoladh i dtreo deireadh na bliana 2015.

Chun tacú leis na caighdeáin úd agus le gníomhaíochtaí eile a theastaíonn chun bonneagar bóithre náisiúnta a bhainistiú is amhlaidh a eagraíonn an tÚdarás clár taighde ag cuimsiú gach limistéar teicniúil is inspéise don ÚBN. Is í aidhm an chláir bearta praiticiúla chur chun cinn a rannchuirfidh le costais a laghdú, cáilíocht a fheabhsú agus le spreagadh na nuálaíochta i dtaca le feidhmeanna an Údaráis.

Is i gcomhar le tíortha eile a choimisiúnaítear go leor dár ngníomhaíochtaí taighde, chun an luach is fearr a ghnóthú agus chun an dea-chleachtas a roinnt le chéile. Is é an tÚdarás atá i gcathaoirleacht ar na Cláir Thaighde Bóithre Trasnáisiúnta ar son CEDR (Comhdháil Stiúrthóirí Bóithre na hEorpa) agus a bhainistigh na glaonna taighde sna blianta 2012 agus 2013.

An tSamhail Iompair Náisiúnta

Ba í an tÚdarás a d'fhorbair an tsamhail Iompair Náisiúnta agus tá sí tar éis bheith in úsáid ón mbliain 2010 i leith anois. Baintear leas aisti don phleanáil straitéiseach, d'fhorbairt samhlacha tráchta do cheantair áitiúla, breithmheas tionscadal, luacháil beartais, taighde iompair agus forbairt táscairí feidhmíochta gréasáin.

Nuashonraíodh An tSamhail Iompair Náisiúnta sa bhliain 2014 chuig bonnbhliain 2011. Cuirtear sonraí Dhaonáireamh 2011 san áireamh leis an tsamhail nuashonraithe, atá ar fáil ó dheireadh na bliana 2012, agus réamh-mheastacháin don déimeagrafaic, don gheilleagar agus d'úinéireacht gluaisteán. Táirgeadh foireann cáipéisí a thacaíonn leis an tSamhail Iompair Náisiúnta, agus áirítear léi eolas mionsonraithe i leith an phróisis a fhostaítear ina tiomsú.
http://www.nra.ie/policy-publications/national-transport-model/

Seoladh an tsamhail nuashonraithe i mí Mheán Fómhair 2014 ag seimineár leathlae i mBaile Átha Cliath ar ar fhreastail os cionn 150 gairmí iompair ó na hÚdaráis Áitiúla, na Ranna Rialtais, ó Chomhairligh agus ón lucht acadúil.

Déantar an samhaltú iompair trí fhoireann samhaltaithe iompair an Údaráis, nó trí chomhairligh a fhostaítear i leith tionscadal sonrach. Is é an tÚdarás a sholáthraíonn tacaíocht theicniúil agus oiliúna

don fhoireann agus do chomhairligh maidir le húsáid agus cur i bhfeidhm na samhlach. Soláthraímidne saoráid chun rochtain ar an tSamhail Iompair Náisiúnta a fháil do na comhlachtaí poiblí (nó dá gcomhairligh), lena n-áirítear soláthar stáisiúin oibre shaintiomanta inár n-oifigí do shamhaltóirí iompair ar cuairt chugainn chun leas a bhaint as ár samhlacha. D'fhiafraigh an Roinn Iompair, Turasóireachta agus Spóirt eolas ón tsamhail sa bhliain 2014 nuair a bhíothas ag forbairt na Crealtaí Straitéisí don Infheistíocht san Iompair Talún agus bhí roinnt iarratas ann d'úsáid na samhlacha ag taighdeoirí ollscoile sa bhliain 2014.

Treoirlínte Breithmheasa Tionscadail

Tugtar na Treoirlínte Breithmheasa Tionscadail (TBT) mar threoir d'fhoirne breithmheasa trí phróiseas ullmhú na cáipéisíochta éigeantaí chun tacú le cinnteoirí, chun a chinntiú go ndéantar na roghanna is fearr agus go bhfaightear an luach is fearr ar airgeadh i leith gach tionscadal bóithre náisiúnta, agus chun comhlíonadh le Cód Caiteachais Phoiblí an stáit a chinntiú.

Teastaíonn cur chuige disciplíneach ó ullmhú na n-aschur Breithmheasa Tionscadail, rud a chinntíonn go ndéantar gach tionscadal a bhreithmheas ar bhealach comhsheasmhach agus láidir. Léirítear sna TBT an treoir a leagtar amach i gCreatlach Breithmheasa Coitianta na Roinne Iompair agus i dTreoirlínte Bainistíochta Tionscadail an Údaráis um Bóithre Náisiúnta.

Táthar tar éis an eisiúint reatha de na treoirlínte a struchtúrú ina sraith 'Aonad TBT' ina dtugtar treoir agus comhairle i leith gnéithe éagsúla den samhaltú, bhreithmheas agus tuairisciú scéime. Bíonn na hAonaid TBT ar fáil le hamharc orthu nó lena n-íoslódáil ónár láithreán gréasáin ag: www.nra.ie/Publications/ProjectAppraisal

Pleanáil Úsáide Talún

Bíonn ról reachtúil ag an Údarás i gcúrsaí pleanála agus tagraítear iarratais phleanála áirithe don Údarás sna himthosca arna leagan amach sna Rialacháin Phleanála agus Forbartha. Bíonn ról ag an Údarás freisin i ndáil le pleananna forbartha údaráis áitiúil, criosanna forbartha straitéisí agus pleananna bonneagair straitéisigh chomhchosúla.

Ba é an tAire Comhshaoil, Pobail agus Rialtais Áitiúil a d'fhoilsigh treoirlínte pleanála reachtúla do na húdaráis áitiúla i leith na Pleanála Spásúla agus Bóithre Náisiúnta thiar sa bhliain 2012. Is sna treoirlínte pleanála reachtúla i leith na Pleanála Spásúla agus Bóithre Náisiúnta a leagadh amach breithniúcháin bheatais phleanála i ndáil le forbairt ag dul i bhfeidhm ar bhóithre náisiúnta. Aibhsítear sna treoirlínte an gá do theagmháil agus idirphlé luath idir an tÚdarás agus na húdaráis phleanála i ndáil le beartais agus cuspóirí iomchuí a cheapadh do bhainistiú na forbartha laistigh de chomhthéacs níos forleithne an ghréasáin bhóithre náisiúnta agus a fheidhmeanna.

Is ar an Údarás atá freagrachtaí suntasacha i ndáil leis an bPleanáil, cé is moite den cheangaltas chun faomhadh reachtúil a fháil d'aon scéim a d'fhéadfaimis bheith ag forbairt. Bíonn ionchur ag an Údarás freisin leis an mbeartas náisiúnta, le hathbhreithniú pleananna forbartha contae agus áitiúla na n-údarás áitiúil mar chomhairlí reachtúil, agus le hathbhreithniú na n-iarratas pleanála aonair ar féidir leo tionchar a fheidhmiú ar an ngréasán bóithre náisiúnta.

Soláthraíonn an tÚdarás seirbhísí comhairleachta do gheallsealbhóirí inmheánacha agus seachtracha i ndáil leis an gcomhéadan idir oibriú an chórais phleanála úsáide talún agus ceangaltais an ghréasáin bhóithre náisiúnta.

Ina theannta sin is amhlaidh a fhaigheann an tÚdarás agus a dhéanann sé measúnú ar thograí iarratais phleanála faoi chodanna eile de na hAchtanna Pleanála ar nós na Forbartha Bonneagair Straitéisí, Forbairtí Stáit agus Údaráis Áitiúil, agus Cheadúnú Comharthaí.

Gearradh Dola

Is é an tÚdarás atá freagrach go díreach as dhá oibríocht gearrtha dola ar an ngréasán náisiúnta: eFlow an M50 agus saoráid dola Thollán Bhaile Átha Cliath. Tá ocht mbóthar breise ar a ngearrtar dola sa ghréasán bóithre náisiúnta arna n-oibriú ag cuideachtaí príobháideacha ar bronnadh conarthaí fadtéarmacha lamháltais orthu chun na bóithre le dola sin a dhearadh, a thógáil agus a oibriú.

Tá dola eFlow an Údaráis suite ar an M50 (idir Acomhail 6 agus 7) agus is córas lánleictreonach ("saor-shreabhadh") gearrtha dola é a tháinig in ionad an chórais bhacainne dola an Naisc Thiar sa bhliain 2008. D'fheidhmigh an córas "saor-shreafa" sin mar dhíghlasáil do thairbhí suntasacha eacnamúla agus comhshaoil trí achair thaistil a fheabhsú, an róphlódú a laghdú, agus astaíochtaí a ísliú ag an bpointe gearrtha dola.

Bliain láidir eile don fhás sa trácht ar bhóthar dola an M50 a bhí sa bhliain 2014, agus an trácht ag méadú faoi 6% ar an mbliain roimhe sin, ónar tháinig meánleibhéil tráchta laethúla chuig 119,216, agus ónar tháinig méadú freisin ar an bhfáltas a bailíodh faoi 5% chuig €98 milliún (gan CBL). Tháinig feabhsú imeallach ar na leibhéil chomhlíonta ar an mbóthar dola chuig 96.0% sa bhliain 2014, go príomha de bharr na teachtaireachta faisnéise poiblí (m.sh. díriú ar fheasacht agus ar chomhlíonadh do thiománaithe annamha agus eachtracha) agus gníomhaíochtaí forghníomhaithe breise. Ba ó aistir ag feithiclí eachtracha a tháinig tuairim a leath de na dolaí neamhíoctha sa bhliain 2014, ag feithiclí cláraithe i dTuaisceart Éireann agus sa Bhreatain den chuid ba mhó, agus tháinig an leath eile ó fheithiclí cláraithe in Éirinn ónar tháinig €4.5 milliún i ndolaí neamhíoctha á ndíscríobh ag an Údarás.

Ina theannta sin ab amhlaidh a sholáthair an tÚdarás oibreoir bainistíochta seirbhíse idir-inoibritheachta chun idir-inoibritheacht ghearradh dola a éascú i measc gach bóthar dola sa Stát. Chruthaigh an tseirbhís sin bheith coitianta agus sháraigh líon na dtiománaithe le cuntais chlibe leictreonaí sa bhliain 500,000.

Comhshaol

Coinníonn an tÚdarás air ag méadú a fhoirne cuimsithí treoirlínte pleanála, tógála agus oibriúcháin chun tuiscint agus freagra iomchuí a chinntiú i leith na ndúshlán comhshaoil iomadúil a bhaineann le forbairt agus le hoibriú an ghréasáin bhóithre náisiúnta. Déantar taighde nach beag i gcónaí chun éifeachtacht na mbeart maolaithe comhshaoil a mheas san am atá caite, d'fhonn chun a chinntiú go gcomhtháthaítear réitigh níos barrfheabhsaithe le dearaí bóithre na todhchaí.

Táthar tar éis toradh na staidéar taighde sa torann tar éis na MTT (Measúnacht Tionchair Thimpeallachta) a tugadh chun críche sna blianta 2011 agus 2012 a chomhtháthú anois le cáipéis dearaidh chuimsitheach um maolú torainn a foilsíodh faoi dheireadh thiar i mí an Mhárta 2014. Méadaítear leis an saothar sin na treoirlínte tosaigh inar tugadh aghaidh ar thorann agus creathadh sna scéimeanna bóithre náisiúnta.

Ba é an tAonad Comhshaoil a bhí i gceann leasú fhoireann caighdeán draenála an Údaráis i leith mórthionscadal i rith na bliana 2014. Ba éard ba toradh le leasú na gcaighdeán draenála, a rinneadh i gcomhairliúchán le geallsealbhóirí ilíocha (m.sh. Oifig na nOibreacha Poiblí, Iascaigh Intíre Éireann agus an Ghníomhaireacht um Chaomhnú Comhshaoil) agus faoi choimirce Coiste Theicniúil lenar bhain, *inter alia*, foireann údaráis áitiúil agus lucht acadúil:

Leasú nach beag ar an gcáipéis reatha aonair agus cruthú trí cháipéis déag nua i Lámhleabhar Dearaidh an ÚBN do Bhóithre agus Droichid (LDBD an ÚBN);

Leasú Lámhleabhar Cháipéisí Conartha an ÚBN d'Oibreacha Bóthair (LCCOB an ÚBN) i ndáil leis an draenáil, lenar áiríodh: modhnuithe suntasacha don tSonraíocht; athruithe nach beag do Mhionsonraí Tógála Bóithre agus cruthú ceann iomadúil nua; agus táirgeadh Mhodh Leasaithe d'Oibreacha Bóthair.

Cuirfear chun cinn le leasú chaighdeáin draenála an Údaráis do mhórthionscadail úsáid Córas Draenála Inbhuanaithe (CDIí), rud a ligfidh d'aistriú ó chur chuige traidisiúnta dhoirteadh rith chun srutha ó bhóithre ag pointe isteach sna sruthanna agus aibhneacha trí thaisc-umair chuig doirteadh níos idirleata níos líní trí mheán córas fásmhar a ligeann d'insíothlú éigin isteach sa screamhuisce chomh maith le doirteadh rílaghdaithe agus cóireáilte isteach sna huiscí dromchla.

Táthar chun na caighdeáin úra draenála sin a fhoilsiú sa chéad ráithe den bhliain 2015.

Leasaíodh na treoirlínte inar tugadh aghaidh ar shaincheisteanna dramhaíola ar an scéimeanna bóithre náisiúnta chun an fhorbairt is déanaí sa reachtaíocht dramhaíola agus sa bheartas dramhaíola a thabhairt san áireamh. Eochair-chuspóir den cháipéis is ea chun cuidiú le gach páirtí chun an chreatlach dhlíthiúil chasta a thuiscint lena rialaítear bainistiú na dramhaíola a ghintear leis na tionscadail bhóithre náisiúnta. Ina theannta leis sin is amhlaidh a leagtar treoirlínte dea-chleachtais amach inti chun a chinntiú go bhfanfaidh an bainistiú dramhaíola éifeachtach mar thosaíocht ar feadh na céime tógála de na cineálacha forbairtí seo. Is é an cuspóir leis seo spreagadh a thabhairt d'íoslaghdú thionchair chomhshaoil na dramhaíola a bhaineann le tógáil bóithre, chomh maith le toirt na dramhaíola iarbhír á giniúint agus chun éascú don chomhlíonadh le forálacha na nAchtanna um Bainistiú Dramhaíola (1996-2011). Ar deireadh, is éard is cuspóir amháin eile leis na treoirlínte seo eolas a sholáthar chun éascú do chomhphlé éifeachtach idir conraitheoirí bóithre, comhlachtaí reachtúla ábhartha agus tríú páirtithe faoin gcaoi ar chóir an dramhaíl a láimhseáil go hiomchuí i gcomhthéacs tógála bóithre. Táthar chun na treoirlínte úra sin a fhoilsiú sa chéad ráithe den bhliain 2015.

Chuir an tÚdarás tús le clár náisiúnta nua do léarscáiliú na speiceas planda ionrach neamhdhúchasach ar an ngréasán bóithre náisiúnta trí leas a bhaint as córais léarscáilithe GEOAPP d'Oibríochtaí Gréasáin. Bainfear leas as an eolas sin d'fhorbairt straitéise náisiúnta do bhainistiú agus díothú na speiceas planda ionrach neamhdhúchasach ar an ngréasán bóithre náisiúnta.

Bíonn baint ghníomhach ag an Aonad Comhshaoil le cláir thaighde trasnáisiúnta Comhdhála do Stiúrthóirí Eorpacha na mBóithre (CSEB), lena n-áirítear iad siúd ina dtugtar aghaidh ar thorann agus maolú torainn ar bhóithre, an fiadhúlra agus bóithre, an inbhuanaitheacht srl. Tacaíonn torthaí na gclár taighde sin le forbairt agus mionleasú bheartais agus chaighdeáin chomhshaoil an ÚBN.

Searmanas an chéad sraith de Mhótarbhealach an M17/M18 idir an Gort agus Tuaim

Seandálaíocht

Bhí príomhaird an Údaráis sa bhliain 2014 ar bhainistiú na n-oibreacha seandálaíocht ar na scéimeanna bóithre náisiúnta; idir na mórthionscadail CPP ar nós Seachbhóthar na N25 i Ros Mhic Thriúin agus an M11 ó Ghuaire chuig Inis Córthaidh agus scéimeanna beaga agus sábháilteachta, chomh maith le scéimeanna ar nós Seachbhóthar an N59 i Maigh Cuilinn agus an N59 ón Teach Dóite chuig Uachtar Ard, arna gceadú ag An Bord Pleanála. Theastaigh ionchur seandálaíochtaí freisin ag na héisteachtaí béil ar nós an N5 Chathair na Marta - Turlach agus an N4 Cúil Mhuine - Béal Átha na gCarraigíní Tugadh cúnamh seandálaíochta ag na céimeanna luatha deartha de scéim an N59 Luimneach chuig Faing agus na scéimeanna ní ba mhó ar aghaidh an N5 Longfort chuig Bealach an Doirín agus an N28 Corcaigh chuig Rinn an Scidígh. Leanfar ar aghaidh leis na hoibreacha úd sa bhliain 2015.

Thug Seandálaithe an ÚBN cúnamh freisin d'údaráis áitiúla éagsúla i mbainistiú na dtionscadal seandálaíochta éagsúil lenar áiríodh Bóthar Faoisimh Charraig Uí Leighin do Chomhairle Contae Chorcaí, an fhorbairt thionsclaíoch mholta ag Tigh an Chnoic Íochtarach do Chomhairle Contae agus Chathair Phort Láirge agus an Glasbhealach molta idir Cill Mhíodáin agus Carraig na bhFraochán arís eile do Chomhairle Contae agus Chathair Phort Láirge. Thug Seandálaithe an ÚBN cúnamh freisin do thionscadal tailte barrachais an Údaráis.

Bunaíodh tionscadal píolótach le Taisclann Dhigiteach na hÉireann (TDÉ) agus leis an gClár Fionnachtana chun creatlach a chruthú do chartlannú agus coiméad fadtéarmach gach tuairisc seandálaíochta ó scéimeanna bóithre náisiúnta. Ag éirí as an tionscadal seo a bheidh teimpléad agus modheolaíocht d'uaslódáil na dtuairiscí seandálaíochta (agus na sonraí oidhreachta cultúrtha níos forleithne) do ghníomhaireachtaí na hearnála poiblí eile agus, do chuideachtaí na hearnála príobháidí fiú féin.

Táthar tar éis roinnt monagraf nua a fhoilsiú sa bhliain 2014: Foilsíodh *Fragments of Lives Past: archaeological objects from Irish road schemes the proceedings of the 2013 NRA Archaeology Seminar, Woodstown: a Viking Age Settlement*, i gcomhar leis an tSeirbhís Séadchomharthaí Náisiúnta de chuid na Roinne Ealaíon, Oidhreachta agus Gaeltachta agus le Comhairle Contae agus Chathair Phort Láirge, agus foilsíodh *The Quiet Landscape: the archaeology of the M6 2014* ag deireadh mhí na Samhna 2014.

Uasbhealach Chrois an Fhearainn Nua

Caibidil 4 Maidir leis an Údarás um Bóithre Náisiúnta

Bunú agus Sainordú

Bunaíodh An tÚdarás um Bóithre Náisiúnta go foirmiúil mar chomhlacht poiblí neamhspleách faoin Acht um Bóithre, 1993. Is é an príomhthasc atá againn soláthar gréasáin bhóithre náisiúnta ar sábháilte éifeachtúil é a shlánú (leagtar amach feidhmeanna sonracha an Údaráis in Alt 19 den Acht, arna leasú ag an Acht um Bóithre, 2007). Is iad na húdaráis áitiúla dhéanann an dearadh, tógáil agus cothabháil ar bhóithre náisiúnta go hiondúil thar ceann an Údaráis.

Is é an tAire Iompair, Turasóireachta agus Spórt a cheapann comhaltaí Bhord an Údaráis, ag féachaint dá dtaithí agus dá n-inniúlacht i réimsí ábhartha lena n-áirítear cúrsaí bóithre, iompair, tionsclaíocha, tráchtála, airgeadais nó comhshaoil.

Seirbhís do Chustaiméirí

Tá an tÚdarás tiomanta chun seirbhís ghairmiúil, éifeachtúil agus cúirtéiseach a sholáthar dár gcustaiméirí go léir. Is inár gCairt do Chustaiméirí agus inár bPlean Gnímh do Chustaiméirí a leagtar amach mionsonraí na gcaighdeán agus an leibhéil seirbhíse ar féidir lenár gcustaiméirí bheith ag dúil leo ina gcuid pléanna leis an Údarás. Is féidir cóipeanna de na cáipéisí lena mbaineann a fháil ar líne ag: www.nra.ie.

An Ghaeilge

Tá an tÚdarás lántiomanta do shásamh cheanglais Acht na dTeangacha Oifigiúla, 2003, agus d'fhoilsigh Ráiteas Beartais i leith Úsáid na Gaeilge i mí Eanáir na bliana 2010, atá ar fáil le hamharc air/híoslódáil ar láithreán gréasáin an Údaráis ag: www.nra.ie/publications. Tógtar sa ráiteas beartais ar na prionsabail den tseirbhís den scoth do chustaiméirí agus ar an tiomantas a rinneadh inár gCairt do Chustaiméirí chun a chinntiú gur féidir leis na custaiméirí ar mian leo a gcuid gnó linne a dhéanamh trí mheán na Gaeilge.

Inrochtaineacht

Tá Coiste Rochtana i bhfeidhm ag an Údarás a bhfuil dá dtasctar chun a chinntiú go gcomhlíontar ina n-iomláine ceanglais an tAch um Míchumas, 2005. D'oibrigh an Coiste go gníomhach ó bunaíodh é thiar sa bhliain 2008 chun a chinntiú, an oiread agus ab fhéidir, go mbíonn gach beart agus saoráid iomchuí ar fáil do chustaiméirí le míchumais cholanda nó meabhrach. Áirítear leis na bearta a tugadh isteach soláthar córais lúb ionduchtúcháin chun cúnamh le daoine le laigeacht éisteachta san áras fáilte agus sa seomra cruinnithe, sna cuasa páirceála do thiománaithe le míchumas, nuashonrú láithreán gréasáin an ÚBN le bheith lán-chomhlíontach le caighdeáin W3C WAI-AA, a chinntíonn go mbíonn an láithreán inrochtana do chách, agus foilsiú cáipéisí corparáideacha ar stíl atá soiléir agus chomh saor ó bhéarlagair agus is féidir. Soláthraíodh an oiliúint um chomhionannas míchumais don fhoireann freisin chun feasacht a chinntiú i leith saincheisteanna inrochtaineachta do chustaiméirí inmheánacha agus seachtracha araon.

Tuairisciú Éifeachtúlachta Fuinnimh ag Comhlachtaí Earnála Poiblí

Mar chuid d'athbhreithniú cuimsitheach ar úsáid fuinnimh san earnáil phoiblí is amhlaidh a d'iarr an Roinn Cumarsáide, Fuinnimh agus Acmhainní Nádúrtha agus Údarás Fuinnimh Inmharthana na hÉireann (ÚFIÉ) go dtuairiscítear úsáid an fhuinnimh san fhormáid mholta seo a leanas agus go n-áirítear na gníomhartha a ghlactar, chomh maith le gníomhartha pleanáilte, i dtreo éifeachtúlachtaí fuinnimh níos mó, leis na tuarascálacha bliantúla. Tugtar miondealú mionsonraithe ar chomhlíonadh an Údaráis leis an iarratas sin san eolas seo a leanas.

An tÚdarás um Bóithre Náisiúnta
Tomhailt Fuinnimh 2014 (kWh) do Theach Naomh Méirtin & Teach Chill Dreas

Leictreachas:	264, 716
Téamh (Ola & Gás Nádúrtha):	265, 178
Iomlán:	529, 894

Gníomhartha Glactha

- Is tomhaltóir mór don ÚBN é an soilsiú poiblí agus d'éirigh ina phríomhaird don ÚBN chun ceangaltais an Phlean Gnímh Náisiúnta d'Éifeachtúlacht Fuinnimh (PGNÉF) de laghdú faoi 33% sa tomhailt fuinnimh faoin mbliain 2020 a shásamh. Chuaigh an tÚBN i mbun roinnt tionscnamh i gcomhar le húdaráis áitiúla ón mbliain 2011 i leith d'fhonn straitéis a fhorbairt chun spriocanna PGNÉF a shásamh faoin mbliain 2020, chun cleachtais, réitigh agus teicneolaíochtaí ar éifeachtúil ó thaobh an fhuinnimh agus na cothabhála iad a thabhairt isteach sa Soilsiú Poiblí ar fud na hÉireann.
- Leanann an feachtas feasachta leictreachais ar aghaidh i dTeach Naomh Méirtin agus i dTeach Chill Dreas araon.
- Tá timpeall 1,400 Guthán Éigeandála Cholbha an Bhóthair ag an Údarás um Bóithre Náisiúnta nach n-úsáidtear ach an fuinneamh gréine amháin iontu.
- Tá an tÚdarás ag triail trí Chomhartha Teachtaireachta Inathraithe (CTI) i láthair na huaire ar fhuinneamh gréine amháin.
- Chuaigh Comhairlí Contae Mhaigh Eo, Laoise, Loch Garman & na Mí i gcomhar leis an Údarás um Bóithre Náisiúnta i mbun scéime píolótaí don Soilsiú Sráide Cliste chun na tairbhí a d'fhéadfadh bheith leis an teicneolaíocht LED thar na córais soilsithe bóthair thraidisiúnta a aithint agus chun coigilteas fuinnimh fhéideartha a bhaineann le húsáid na dteicneolaíochtaí úd a mheas.
- Tá gréasán tuarim 270 Áiritheoir Tráchta ag an Údarás, a mbaineann timpeall 130 acu leas as meascán den fhuinneamh gréine agus gaoithe.
- Tá tuairim 100 Comhartha Foláirimh Scoile ag an Údarás ar le cumhacht na gréine amháin a adhantar iad.

Rialachas Corparáideach

Glactar san áireamh sa Chód Cleachtais leasaithe do Rialachas na gComhlachtaí Stáit arna eisiúint ag an Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe na hathruithe sa reachtaíocht agus sna treoirlínte riaracháin ag a mbeidh impleachtaí do chreatlach rialachais na gComhlachtaí Stáit. Cuimsíonn an Cód Cleachtais na córais, struchtúir agus próisis in eagras éigin i dtaca leis an gcinnteoireacht, leis an gcuntasacht, leis na rialálacha agus leis an iompar san eagras. Ní foláir don Údarás go sonrach, trí reachtaíocht a bhunaithe, feidhmiú i gcomhréir leis na beartais arna n-ordú mar choinníoll ag an Rialtas. Ní mór dó freisin feidhmiú i gcomhréir le réimse ceangaltas reachtúil agus eile dá bhfeidhmítear i gcomhthéacs a ról éagsúil, lena n-áirítear iad siúd mar fhostóir, údarás reachtúil agus soláthraí seirbhísí. Is i ndáil leis sin a chaitheann an tÚdarás deimhniú don Aire Iompair, Turasóireachta agus Spóirt go bhfuil sé lán-chomhlíontach le forálacha an Chóid Chleachtais leasaithe.

Bainistiú Priacail

Is é an tÚdarás a dhéanann an bainistiú priacail i gcomhréir leis na caighdeáin rialachais agus cuntasachta arb iomchuí do na Gníomhaireachtaí Stáit iad. Déantar beartais agus pleananna bainistíochta priacail an Údaráis a nuashonrú go rialta.

Iniúchadh agus Coiste Iniúchta

Tagann an tÚdarás faoi réir iniúchta ag an Ard-Reachtaireach Cuntas agus Ciste. Is é Coiste Iniúchóireachta an Údaráis a mhaoirsíonn an fheidhm Iniúchta Inmheánaigh agus a thugann comhairle don Bhord i ndáil le hoibriú agus forbairt na feidhme iniúchta. Bhuail an Coiste Iniúchta le chéile cúig huaire sa bhliain 2014.

Is sa Phlean Iniúchta Inmheánaigh 2014, arna fhaomhadh ag an mBord agus arna mhonatóireacht ag an gCoiste Iniúchta, a leagtar amach saothar an Iniúchta Inmheánaigh don bhliain i gcomhréir leis an gCód Cleachtais do Rialachas an Údaráis um Bóithre Náisiúnta.

I dteannta leis an bhfeidhm iniúchta is amhlaidh a dhéanann an tÚdarás saothair sna réimsí seo a leanas:

- Athbhreithniú seachtrach—ag déanamh athbhreithnithe ag leibhéal an údaráis áitiúil chun comhlíonadh le ceangaltais an Údaráis d'íoc na ndeontas bóithre náisiúnta a mhonatóireacht.
- Iniúchadh an AE—ag déanamh saothair iniúchta ag leibhéal an údaráis áitiúil um ullmhú agus fíorú na n-éileamh ar dheontas AE i ndáil le tionscadail bhóithre náisiúnta.

Tuairisceáin Íoc Pras

Chuir an Rialtas síneadh lena thiomantas chun soláthróirí a íoc laistigh de 15 lá ó fháil sonraisc bhailí chuig na Gníomhaireachtaí Stáit. Tá an tÚdarás ag déanamh gach iarracht, go comhsheasmhach le nósanna imeachta airgeadais iomchuí, chun a chinntiú go ndéantar na híocaíochtaí laistigh den chreat ama sin.

Leagtar amach thíos mionsonraí ár dtaifid íocaíochta don bhliain 2014:

Mionsonraí	Líon na nÍocaíochtaí	Luach (€)	% d'Íocaíochtaí Iomlána Tugtha
Íocaíochtaí iomlána tugtha sa bhliain 2014	1,890	297,302,156	100%
Líon na n-íocaíochtaí a rinneadh laistigh de 15 lá	1,784	294,383,866	99%
Líon na n-íocaíochtaí a rinneadh idir 16 agus 30 lá	106	2,918,290	1%

Freastal ag Comhaltaí Boird NRA ag Cruinnithe Boird sa bhliain 2014 **Bhuail an Bord le chéile aon uair déag**			
Comhalta Boird	**Líon na gcruinnithe arbh incháilithe chun freastal orthu**	**Líon na gcruinnithe ar ar freastalaíodh**	**Moladh**
Cormac O'Rourke (Cathaoirleach)	11	11	
Fred Barry (Príomhoifigeach Feidhmiúcháin)	11	11	
Jacqueline Cross	11	11	
David O'Connor	11	10	
Gary Comiskey	11	11	
Sandra Murphy	11	10	
Joe O'Mahony	11	11	
Senan Turnbull	11	10	
Virginia O'Dowd	5	4	Arna ceapadh don Bhord 8 Iúil 2014
Declan J Walsh	5	4	D'éirigh as an mBord 20 Meitheamh 2014

Freastal Chomhaltaí Bhord an NRA ar Chruinnithe Boird in 2014 Chas an Coiste ar a chéile cúig huaire			
Comhalta Boird	**Líon na gCruinnithe a Rabhthas i dTeideal Freastal orthu**	**Líon na gCruinnithe ar ar Freastalaíodh**	**Nóta**
Aidan Horan (Cathaoirleach Neamhspleách)	5	5	
Jacqueline Cross	5	4	
David O'Connor	5	3	
David O'Connor	5	3	
Gary Comiskey	5	5	
Sandra Murphy	5	5	

RÁITIS AIRGEADAIS

DON BHLIAIN DAR CRÍOCH 31 NOLLAIG 2014

Leathanach Eolais 22

Tuairisc An Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste 23

Ráiteas i leith Fhreagrachtaí an Údaráis 24

Ráiteas um Rialú Airgeadais Inmheánaigh 25

Beartais Chuntasaíochta 26

Cuntais Ioncaimh agus Caiteachais

- Forbairt agus Cothabháil Bóithre 28
- Riarachán 29

Ráiteas um Ghnóthachain agus Caillteanais Iomlána Aitheanta 30

Clár Comhardaithe 31

Ráiteas um Shreabhadh Airgid 32

Nótaí leis na Ráitis Airgeadais 33

LEATHANACH EOLAIS

Cathaoirleach	Cormac O'Rourke
Comhaltaí Boird	Fred Barry * Gary Comiskey Jacqueline Cross Sandra Murphy David O'Connor Virginia O'Dowd (arna ceapadh 08/07/2014) Joe O'Mahony Cormac O'Rourke Senan Turnbull Declan Walsh (d'éirigh as 20/06/2014)
Aturnae	McCann Fitzgerald Cois Abhann a hAon Cé Sir John Rogerson Baile Átha Cliath 2
Baincéirí	Banc na hÉireann Faiche an Choláiste Baile Átha Cliath 2 Banc Aontas Éireann 52 Sráid Bhagóid Uachtarach Baile Átha Cliath 4
Iniúchóirí	An tArd-Reachtaire Cuntas agus Ciste Bloc an Státchiste Caisleán Bhaile Átha Cliath Baile Átha Cliath 2
Seoladh Cláraithe	Teach Naomh Méirtin Bóthar Waterloo Baile Átha Cliath 4

*Ceapadh Michael Nolan ina Phríomhoifigeach Feidhmiúcháin an 1/08/2015 ag teacht i gcomharbacht ar Fred Barry a d'éirigh as an 31/07/2015.

An tArd-Reachtaire Cuntas agus Ciste

Tuairisc le cur faoi bhráid Thithe an Oireachtais

An tÚdarás um Bóithre Náisiúnta

Rinne mé iniúchadh ar ráitis airgeadais An tÚdarás um Bóithre Náisiúnta don bhliain dar críoch 31 Nollaig 2014 faoi réir an tAcht um Bóithre 1993. Is iad na beartais chuntasaíochta, an cuntas ioncaim d'fhorbairt agus cothabháil bóithre, an cuntas ioncaim agus caiteachais riaracháin, an ráiteas um ghnóthachain agus caillteanais iomlána aitheanta, an clár comhardaithe, an sreabhadh airgid agus na nótaí gaolmhara atá sna ráitis airgeadais, a ullmhaíodh faoi na beartais chuntasaíochta a leagadh amach ansin. Ullmhaíodh na ráitis airgeadais sa chaoi a bhforordaítear faoin Tríú Sceideal den Acht, agus i gcomhréir leis an gcleachtas cuntasaíochta a nglactar go coitianta leis in Éirinn.

Freagrachtaí an Údaráis

Is é an tÚdarás atá freagrach as ullmhú na ráiteas airgeadais, as a chinntiú go dtugtar léargas fíor cothrom iontu ar ghnóthaí an Údaráis agus ar a ioncam agus caiteachas, agus as rialtacht na n-idirbheart a chinntiú.

Freagrachtaí an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste

Is í m'fhreagrachtsa na ráitis airgeadais a iniúchadh agus tuairisciú ina leith i gcomhréir leis an dlí is infheidhmithe.

Déantar m'iniúchad trí thagairt a dhéanamh do dhálaí speisialta a bhaineann le comhlachtaí Stáit i ndáil lena mbainistiú agus lena n-oibriú.

Déantar m'iniúchadh i gcomhréir leis na Caighdeáin Idirnáisiúnta um Iniúchóireacht (An RA agus Éire) agus ag comhlíonadh le Caighdeáin Eiticiúla an Bhoird um Chleachtais Iniúchóireachta d'Iniúchóirí.

Scóp Iniúchadh na Ráiteas Airgeadais

Baineann fáil fianaise le hiniúchadh i leith na méideanna agus na nithe a nochtadh sna ráitis airgeadais, ar leordhóthanach iad chun ráthaíocht réasúnta a sholáthar gur saor iad na ráitis airgeadais ó mhíráiteas ábhartha, bíodh sé de bharr calaoise nó earráide. Áirítear leis sin measúnú

- arb iomchuí iad na beartais chuntasaíochta do chúinsí an Údaráis, agus ar cuireadh chun feidhme go comhsheasmhach iad agus ar nochtadh go leordhóthanach iad
- ar réasúntacht meastachán cuntasaíochta suntasach a dhéantar in ullmhú na ráiteas airgeadais, agus
- ar léiriú foriomlán na ráiteas airgeadais.

Féachaimse freisin chun fianaise a fháil i leith rialtacht na n-idirbheart airgeadais i gcaitheamh an iniúchta.

Ina theannta sin, léimse tuarascáil bhliantúil an Údaráis chun neamhréireachtaí ábhartha leis na ráitis airgeadais iniúchta a aithint. Breithnímse na himpleachtaí do mo thuairiscse má éirím feasach i leith aon mhíráiteas nó neamhréireachtaí ábhartha dealraitheacha.

Tuairim i leith na Ráiteas Airgeadais

Is í mo thuairimse, go dtugtar léargas fíor cothrom sna ráitis airgeadais, a ullmhaíodh go cuí i gcomhréir leis an gcleachtas cuntasaíochta a nglactar go coitianta leis in Éirinn, ar ghnóthaí an Údaráis an 31 Nollaig 2014, agus ar a ioncam agus caiteachas don bhliain 2014.

Is í mo thuairimse gur choinnigh an tÚdarás leabhair chuntais chuí. Tagann na ráitis airgeadais leis na leabhair chuntais.

Cúrsaí ar a dtuairiscímse trí eisceacht

Tuairiscímse trí eisceacht

- Mura bhfuair mé gach eolas agus míniú ar theastaigh ó m'iniúchadhsa, nó
- Má rinneadh nóta i m'iniúchadhsa d'aon ásc ábhartha nár cuireadh an t-airgead chun feidhme chun na críoch a bhí ceaptha dó nó nár chloígh na hidirbhearta leis na húdaráis dá rialú, nó
- sa chás nach comhsheasmhach an t-eolas a thugtar i dtuarascáil bhliantúil an Údaráis leis na ráitis airgeadais, nó
- nach léiríonn an ráiteas i leith rialaithe airgeadais inmheánaigh comhlíonadh an Údaráis leis an gCód Cleachtas do Rialachas na gComhlachtaí Stáit, nó
- Má fhaighimse amach go bhfuil cúrsaí ábhartha eile ann i ndáil leis an gcaoi ina ndearnadh an gnó poiblí.

Níl aon ní le tuairisciú agam maidir leis na cúrsaí sin ar trí eisceacht a dhéantar an tuairisciú.

Seamus McCarthy
An tArd-Reachtaire Cuntas agus Ciste
28 Lúnasa 2015

RÁITEAS I LEITH FHREAGRACHTAÍ AN ÚDARÁIS

Teastaíonn ó Mhír 5(2) den Tríú Sceideal den Acht um Bóithre, 1993, go n-ullmhaíonn an tÚdarás um Bóithre Náisiúnta (an tÚdarás) ráitis airgeadais sa chaoi atá formheasta ag an Aire Iompair, Turasóireachta agus Spóirt le comhthoil an Aire Caiteachais Phoiblí augs Athcóirithe.

Agus na ráitis airgeadais sin á n-ullmhú, ní foláir don Údarás:

- beartais chuntasaíochta oiriúnacha a roghnú agus iad a chur chun feidhme go comhsheasmhach;
- a chinntiú gur réasúnta agus stuama iad aon bhreithiúnas agus meastachán a dhéantar;
- sloinneadh ar leanadh na caighdeáin chuntasaíochta ab infheidhmithe, faoi réir aon imeachtaí ábhartha a nochtar agus a mhínítear sna ráitis airgeadais; agus
- na ráitis airgeadais a ullmhú ar bhonn gnóthais leantaigh murab iomchuí chun talamh slán a dhéanamh de go mbeidh an tÚdarás fós i mbun oibre.

Is é an tÚdarás atá freagrach as leabhair chuntais chuí a choinneáil ina nochtar le cruinneas réasúnta, tráth ar bith, seasamh airgeadais an Údaráis agus a chuireann ar a chumas go gcloíonn na ráitis airgeadais le Mír 5 den Tríú Sceideal den Acht. Is é an tÚdarás atá freagrach freisin as cosaint a chuid sócmhainní agus as céimeanna réasúnta a ghlacadh chun an chalaois agus neamhréireachtaí eile a chosc agus a bhrath.

Thar ceann an Údaráis:

Cormac O'Rourke
Cathaoirleach

Michael Nolan
Príomhfheidhmeannach

27 Lúnasa 2015

RÁITEAS I LEITH RIALAITHE AIRGEADAIS INMHEÁNAIGH

Freagracht as Córas an Rialaithe Airgeadais Inmheánaigh

Thar ceann Bhord an Údaráis, aithnímse ár bhfreagracht as a chinntiú go gcothabháiltear agus go n-oibrítear córas éifeachtach rialaithe airgeadais inmheánaigh.

Ní féidir leis an gcóras ach ráthaíocht réasúnta a thabhairt, nach absalóideach í, go gcosnaítear sócmhainní, go n-údaraítear idirbhearta go hiomchuí agus go dtaifeadtar go hiomchuí iad agus go gcosctar earráidí nó neamhréireachtaí ábhartha nó go mbraithfí iad laistigh de thréimhse thráthúil. Agus éifeachtacht na rialuithe airgeadais inmheánaigh á breithniú, féachfaidh an tÚdarás agus an Coiste Iniúchta do cheangaltais an Chóid Chleachtas do Rialachas na gComhlachtaí Stáit, i measc nithe eile.

Ghlac an Bord céimeanna chun a chinntiú go bhfuil comhshaol rialála iomchuí i bhfeidhm:

- trí ghlacadh le Cód Cleachtais do Rialachas an Údaráis;
- trí fhorbairt bhéascna láidir na cuntasachta ar fud an eagrais;
- trí chomhlíonadh a chinntiú leis na ceangaltais i ndáil le Fógairt Leasanna arna sonrú sna hAchtanna um Eitic in Oifig Phoiblí agus in Alt 40 den Acht um Bóithre 1993;
- trí chruinnithe rialta Boird a reáchtáil; agus
- trí Choiste Iniúchta a bhunú chun gníomhaíochtaí an eagrais a mhonatóireacht.

Rinne an tÚdarás measúnú priacail fhoirmiúil chun na príomhphriacail ghnó os comhair an eagrais a aithint. D'ullmhaigh an Bord clár priacail chorparáideach agus thug an Bord faomhadh do beartas bainistithe priacail.

Is ar chreatlach an tuairiscithe bhainistíochta rialta, nósanna imeachta riaracháin lena n-áirítear deighilt na ndualgas agus córas tarmligin agus cuntasachta, a bhunaítear an córas rialaithe airgeadais inmheánaigh. Áirítear leis, go sonrach:

- córas buiséadaithe cuimsitheach arna athbhreithniú agus arna chomhaontú ag an mBord;
- sannadh freagrachtaí airgeadais agus na cuntasachta comhfhreagraí ag leibhéal na bainistíochta;
- athbhreithnithe rialta ag an lucht bainistíochta sinsearach agus an Bord i leith tuairiscí tréimhsiúla agus airgeadais bhliantúla ina dtugtar feidhmíocht airgeadais le fios os coinn buiséad;
- údarú eisíocaíocht airgead le sínitheoirí údaraithe a shrianadh;
- córais i bhfeidhm leis an aidhm chun slándáil na gcóras TFC a chinntiú;
- airgeadais ríomhraithe; agus
- beartas sainithe soiléir i leith an tsoláthair.

Tá feidhm Iniúchta Inmheánaigh ag an Údarás a oibríonn i gcomhréir leis an gCód Cleachtais do Rialachas na gComhlachtaí Stáit. Múnlaítear saothar an Iniúchta Inmheánaigh trí anailís ar an bpriacal dá nochtar an comhlacht. Is é an Coiste Iniúchta a fhormhuiníonn an anailís ar phriacal agus na pleananna iniúchta inmheánaigh, agus is é Bord an Údaráis a thugann faomhadh dóibh.

Múnlaítear monatóireacht agus athbhreithniú an Údaráis ar éifeachtacht an chórais rialaithe airgeadais inmheánaigh trí shaothar an Iniúchta Inmheánaigh; an Coiste Iniúchta a mhaoirsíonn saothar an Iniúchta Inmheánaighl an Fhoireann Fheidhmiúcháin laistigh den Údarás, ar a mbíonn freagracht as forbairt agus cothabháil na creatlaí rialaithe airgeadais; agus moltaí leis an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste ina litir bhainistíochta nó i dtuairiscí eile.

Athbhreithniú Bliantúil ar Rialuithe

Deimhnímse don bhliain dar críoch 31 Nollaig 2014 go ndearna an Coiste Iniúchta, thar ceann an Bhoird, athbhreithniú ar éifeachtacht an chórais rialuithe airgeadais inmheánacha.

Arna shíniú thar ceann an Bhoird

Cormac O'Rourke
Cathaoirleach

27 Lúnasa 2015

BEARTAIS CHUNTASAÍOCHTA

1 Bunús an Ullmhúcháin

Ullmhaítear na ráitis airgeadais ar bhonn fabhruithe seachas mar a shloinntear thíos, faoi choinbhinsiún an chostais stairiúil, agus i gcomhréir leis an dlí is infheidhmithe agus leis na caighdeáin chuntasaíochta arna n-eisiúint ag Bord na gCaighdeán Cuntasaíochta agus arna bhfógairt ag Cuntasóirí Cairte na hÉireann (An Cleachtas Cuntasaíochta a nGlactar go Coitianta leis in Éirinn). Tá na ráitis airgeadais san fhormáid atá formheasta ag an Aire Iompair, Turasóireachta agus Spóirt le comhthoil an Aire Caiteachais Phoiblí augs Athcóirithe.

2 Ioncam ó Dheontais Stáit

Léirítear sna Deontais Stáit na méideanna iarbhír a fuarthas ón Roinn Iompair, Turasóireachta agus Spóirt i rith na bliana.

3 Aisíocaíochtaí Deontais

Léirítear sna hAisíocaíochtaí Deontais na méideanna iarbhír a fuarthas ó údaráis áitiúla i rith na bliana.

4 Ioncam Dola

Aithníonn an tÚdarás ioncam dola dlite ó oibreoirí de réir mar a thuilltear é. Léirítear san ioncam ó dhola na muirir a thabhaíonn na hoibreoirí dola glan den CBL, muirir shonracha ag oibreoirí dola, íocaíochtaí idir-inoibritheachta, agus méideanna a mheastar bheith dobhailithe, ag na hoibreoirí dola. Áirítear leis freisin méideanna a fhaightear i ndáil leis an socrú comhroinnte ioncaim faoin scéim CPP an M4 idir Cill Choca agus Cionn Átha Gad.

5 Íocaíochtaí le hÚdaráis Áitiúla

Is ionann Íocaíochtaí le hÚdaráis Áitiúla i ndáil le tógáil, feabhsú, cothabháil agus bainistiú bóithre agus na deontais iarbhíre a íocadh i rith na bliana.

6 Comhpháirtíocht Phoiblí Phríobháideach

Chuaigh an tÚdarás i mbun roinnt conarthaí Comhpháirtíochta Poiblí Príobháidí do thógáil agus/nó oibriú bóithre. Is faoi na conarthaí úd a thugann an tÚdarás íocaíochtaí don oibreoir CPP i ndáil le tógáil/hoibriú an bhóthair. Gearrtar an caiteachas sin do Chuntas Ioncaim agus Caiteachais (féach nóta 18). Foráiltear d'íocaíochtaí breise i roinnt conarthaí má thiteann toirteanna tráchta faoi bhun leibhéal sonraithe (íocaíochtaí ráthaíochta tráchta).

D'fhéadfadh an tÚdarás bheith i dteideal cion den ioncam a thuilleann an t-oibreoir bóthair i roinnt cásanna. Aithnítear é sin mar ioncam ó dhola.

Aithníonn an tÚdarás gach íocaíochta agus fáltas ó oibreoirí CPP de réir mar a thagann siad dlite.

7 Sócmhainní Seasta - Dímheas agus Bearnúchán

Sloinntear sócmhainní seasta ag costas lúide dímheas carntha agus caillteanais bhearnúcháin. Is de réir méid chothroim a sholáthraítear an dímheas ag na rátaí a shloinntear thíos, a mheastar chun na sócmhainní a laghdú chuig a nglanluachanna inréadaithe ag deireadh a saolré fhóinteach ionchais:

Troscán, Daingneáin agus Feistis	**10%**
Trealamh (cé is moite de Threalamh Ríomhaireachta)	**15%**
Trealamh Ríomhaireachta	**15%**
Trealamh Leictreonach	**10% - 20%**
Comharthaíocht Threorach	**5%**
Trealamh Sábháilteachta & Eile	**10%**
Limistéir Sheirbhíse	**3%**
Iostaí Cothabhála	**3%**
Sócmhainní eFlow an M50	**5% / réanna conartha**

Aithnítear na caillteanais bhearnúcháin mar a dtugann na himthosca le fios nach bhféadfadh suim ghlanluacha sócmhainne seasta bheith in-aisghabhála.

8 Stoic

Díscríobhtar gach tomhaltán ina mbliain cheannaigh.

9 Aoisliúntas

Oibríonn an tÚdarás scéim pinsin le sochar sainithe a chistítear go bliantúil ar an mbonn go n-íoctar mar a úsáidtear ó airgead arna sholáthar ag an Roinn Iompair, Turasóireachta agus Spóirt agus ó ranníocaíochtaí a asbhaintear de thuarastail foirne.

Déantar na dliteanais scéime pinsin a thomhas ar bhonn achtúireach ag baint leasa as modh na n-aonad réamh-mheasta creidmheasa. Léirítear sna Costais Phinsin sochair phinsin a thuilleann fostaithe sa tréimhse agus taispeántar iad glan ar ranníocaíochtaí pinsin foirne arna gcoinneáil ag an Údarás. Aithnítear suim chomhfhreagrach don mhuirear pinsin mar ioncam sa mhéid agus arb in-aisghabhála í, agus arna fritháireamh le deontais a fhaightear sa bhliain chun íocaíochtaí pinsin a ghlanadh.

Is sa Ráiteas um Ghnóthachain agus Caillteanais Aitheanta Iomlána a aithnítear gnóthachain nó caillteanais achtúireacha ag éirí as athruithe sna toimhdí achtúireacha agus as barrachais agus easnaimh ó thaithí; agus aithnítear sa bhliain ina dtarlaíonn siad agus aithnítear coigeartú comhfhreagrach sa mhéid arb in-aisghabhála ón Roinn Iompair, Turasóireachta agus Spóirt é.

Is ionann an Dliteanais Phinsin agus luach reatha íocaíochtaí pinsin na todhchaí a thuilleann an fhoireann go nuige seo. Freagraíonn an Cistiú Pinsin Iarchurtha don tsócmhainn chomhfhreagrach le haisghabháil sna tréimhsí amach anseo ón Roinn Iompair, Turasóireachta agus Spóirt.

10 Cuntas Caipitil

Is ionann an Cuntas Caipitil agus an méid ioncaim neamh-amúchta a fheidhmítear chun críoch caipitiúil. Is ó ioncam deontais a chistítear sócmhainní seasta, arna aistriú chuig an gcuntas caipitil agus arna amúchadh i gcomhréir le dímheas na sócmhainní gaolmhara.

FORBAIRT AGUS COTHABHÁIL BÓITHRE
CUNTAS IONCAIM AGUS CAITEACHAIS
DON BHLIAIN DAR CRÍOCH 31 NOLLAIG 2014

		2014	2013
Ioncam			
	Nóta	**€'000**	**€'000**
Deontais Stáit:			
Tógáil agus Feabhsú Bóithre Náisiúnta	1	324,000	278,060
Tógáil agus Feabhsú Bóithre Réigiúnacha agus Áitiúla	1	314,139	278,060
Cothabháil agus Bainistiú Bóithre Náisiúnta	1	39,500	44,531
Cothabháil agus Bainistiú Bóithre Réigiúnacha agus Áitiúla	1	43,310	44,531
Oibríochtaí Comhpháirtíochta Poiblí Príobháidí	1	59,111	61,750
Aisíocaíochtaí Deontais	2	884	8,235
Ioncam Dola	3	110,921	104,808
Fáltais Éagsúla	4(a)	752	3,528
		892,617	901,335
Aistriú ó /(chuig) Cuntas Caipitil	5	5,933	(19,539)
		898,550	881,796
Caiteachas			
Tógáil agus Feabhsú Bóithre	17(a)	593,851	559,192
Cothabháil agus Bainistiú Bóithre	17(b)	84,042	129,342
Comhpháirtíocht Phoiblí Phríobháideach, Oibríochtaí Tolláin agus Dola	18	216,500	193,238
Caillteanas Dímheasa agus Bearnúcháin	13	9,460	8,944
Easnamh ar Dhiúscairt Sócmhainní Seasta		43	0
		903,896	890,716
Easnamh don Bhliain		(5,346)	(8,920)
Barrachas ag Tús na Bliana		4,473	13,393
(Easnamh) / Barrachas ag Deireadh na Bliana		(873)	4,473

Is cuid de na Ráitis Airgeadais seo iad na Beartais Chuntasaíochta, an Ráiteas um Shreabhadh Airgid agus Nótaí 1-22.

Thar ceann an Údaráis:

Cormac O'Rourke
Cathaoirleach

Michael Nolan
Príomhfheidhmeannach

27 Lúnasa 2015

RIARACHÁN
CUNTAS IONCAIM AGUS CAITEACHAIS
DON BHLIAIN DAR CRÍOCH 31 NOLLAIG 2014

		2014	2013
Ioncam			
	Nóta	**€'000**	**€'000**
Deontais Stáit	1	11,830	12,500
Glanchistiú Iarchurtha do Phinsin	8(c)	3,259	3,340
Fáltais Éagsúla	4(b)	146	118
		15,235	15,958
Aistriú ón gCuntas Caipitil	5	300	201
		15,535	16,159
Caiteachas			
Tuarastail agus ÁSPC	6	7,990	8,610
Costais Phinsin	8(a)	4,036	4,124
Taisteal		443	473
Costais Riaracháin Eile	9	919	794
Costais Chóiríochta	10	1,772	1,794
Dímheas	13	329	344
Táillí agus Caiteachais Stiúrthóirí	7	61	46
		15,235	15,958
Easnamh don Bhliain		(15)	(26)
(Easnamh) / Barrachas ag Tús na Bliana		(1)	25
Easnamh ag Deireadh na Bliana		(16)	(1)

Is cuid de na Ráitis Airgeadais seo iad na Beartais Chuntasaíochta, an Ráiteas um Shreabhadh Airgid agus Nótaí 1-22.

Thar ceann an Údaráis:

Cormac O'Rourke
Cathaoirleach

Michael Nolan
Príomhfheidhmeannach

27 Lúnasa 2015

RÁITEAS UM GHNÓTHACHAIN AGUS CAILLTEANAIS IOMLÁNA AITHEANTA
DON BHLIAIN DAR CRÍOCH 31 NOLLAIG 2014

	Nóta	2014 €'000	2014 €'000	2013 €'000	2013 €'000
Easnamh don bhliain					
- Forbairt agus Cothabháil Bóithre			(5,346)		(8,920)
- Riarachán			(15)		(26)
Gnóthachain ó Thaithí ar Dhliteanais Scéime Pinsin	8(d)	2,310		4,774	
Athruithe sna Toimhdí faoi bhun Luach Reatha na nDliteanas Scéime Pinsin	8(d)	8,348		0	
Gnóthachan / (Caillteanas) Achtúireach ar Dhliteanais Phinsin	8(b)	(6,038)		4,774	
Coigeartú don Chistiú Pinsin Iarchurtha		6,038	0	(4,774)	0
Caillteanas Aitheanta Iomlán don Bhliain			(5,361)		(8,946)

Gluaiseacht sna Cuntais Ioncaim agus Caiteachais

	2014 €'000	2013 €'000
Cuntais Ioncaim agus Caiteachais an 1 Eanáir	4,472	13,418
Caillteanas Aitheanta Iomlán don Bhliain	(5,361)	(8,946)
Cuntais Ioncaim agus Caiteachais an 31 Nollaig	(889)	4,472

Is cuid de na Ráitis Airgeadais seo iad na Beartais Chuntasaíochta, an Ráiteas um Shreabhadh Airgid agus Nótaí 1-22.

Thar ceann an Údaráis:

Cormac O'Rourke
Cathaoirleach

Michael Nolan
Príomhfheidhmeannach

27 Lúnasa 2015

CLÁR COMHARDAITHE
AMHAIL 31 NOLLAIG 2014

Sócmhainní Seasta	Nóta	2014 €'000	2014 €'000	2013 €'000	2013 €'000
Sócmhainní Inláimhsithe	13		129,252		135,485
Sócmhainní Reatha					
Féichiúnaithe agus Réamhíocaíochtaí	11	14,093		18,777	
Airgead ar Láimh agus sa Bhanc		20,014		16,815	
		34,107		35,592	
Lúide Dliteanais Reatha					
Creidiúnaithe agus Fabhruithe: Méideanna ag éirí dlite laistigh d'aon bhliain amháin	12	(34,996)		(31,120)	
(Dliteantais) / Sócmhainní Glana Reatha			(889)		4,472
Sócmhainní Iomlána lúide Dliteanais Reatha roimh Phinsin			128,363		139,957
Glandliteanais Phinsin	8(b)		(68,017)		(58,720)
Cistiú Pinsin Iarchurtha	8(c)		68,017		58,720
Glan-Sócmhainní Iomlána			128,363		139,957
Arna n-ionadú ag:					
Cuntas Caipitil	5		129,252		135,485
Cuntais Ioncaim agus Caiteachais:					
Forbairt agus Cothabháil Bóithre		(873)		4,473	
Riarachán		(16)		(1)	
			(889)		4,472
			128,363		139,957

Is cuid de na Ráitis Airgeadais seo iad na Beartais Chuntasaíochta, an Ráiteas um Shreabhadh Airgid agus Nótaí 1-22.

Thar ceann an Údaráis:

Cormac O'Rourke
Cathaoirleach

Michael Nolan
Príomhfheidhmeannach

27 Lúnasa 2015

RÁITEAS UM SHREABHADH AIRGID
DON BHLIAIN DAR CRÍOCH 31 NOLLAIG 2014

Réiteach an (Easnaimh)/Bharrachais Ghlain Oibriúcháin leis an Insreabhadh Airgid Ghlan ó Ghníomhaíochtaí Oibriúcháin

	Nóta	2014 €'000	2013 €'000
Easnamh ar Chuntais Ioncaim agus Caiteachais			
- Forbairt agus Cothabháil Bóithre		(5,346)	(8,920)
- Riarachán		(15)	(26)
Aistriú (ó)/chuig Cuntas Caipitil			
- Forbairt agus Cothabháil Bóithre	5	(5,933)	19,539
- Riarachán	5	(300)	(201)
Ús Bainc	4	(6)	(33)
Muirear Dímheasa / Caillteantas Bearnúcháin	13	9,789	9,288
(Méadú)/Laghdú sna Féichiúnaithe agus Réamhíocaíochtaí	11	4,684	(8,896)
Méadú sna Creidiúnaithe agus Fabhruithe	12	3,876	6,083
Insreabhadh Airgid Ghlan ó Ghníomhaíochtaí Oibriúc		6,749	16,834
Ráiteas um Shreabhadh Airgid			
Insreabhadh Airgid Ghlan ó Ghníomhaíochtaí Oibriúcháin		6,749	16,834
Toradh ar Infheistíocht:			
Ús Bainc	4	6	33
Gníomhaíochtaí Infheistíochta:			
Éadáil Sócmhainní Inláimhsithe	13	(3,599)	(28,627)
Diúscairt Sócmhainní Inláimhsithe	13	43	0
Insreabhadh / (Eisreabhadh) Airgid Ghlan ó Ghníomhaíochtaí Oibriúcháin / Infheistíochta		3,199	(11,760)
Bainistiú Acmhainní Leachtacha:			
Laghdú /(Méadú) in Éarlaisí Gearrthéarmacha		(2,331)	14,338
Méadú in Airgead		868	2,578
Réiteach an tSreafa Airgid Ghlain le Gluaiseacht i nGlan-Chistí			
Méadú in Airgead		868	2,578
(Laghdú)/Méadú in Éarlaisí Gearrthéarmacha		2,331	(14,338)
Gluaiseacht i nGlan-Chistí		3,199	(11,760)
Glan-Chistí amhail 1 Eanáir		16,815	28,575
Glan-Chistí amhail 31 Nollaig		20,014	16,815

Tá na Beartais Chuntasaíochta agus Nótaí 1-22 mar chuid de na Ráitis Airgeadais seo.

Thar ceann an Údaráis: Cormac O'Rourke
Cathaoirleach

Michael Nolan
Príomhfheidhmeannach

27 Lúnasa 2015

NÓTAÍ LEIS NA RÁITIS AIRGEADAIS
DON BHLIAIN DAR CRÍOCH 31 NOLLAIG 2014

1 Deontais Stáit - Fobairt, Cothabháil agus Riarachán Bóithre

Fuarthas deontais Stáit arbh fhiú €792m (2013: €797m) iad sa bhliain 201r ón Roinn Iompair, Turasóireachta agus Spóirt (Vóta 31) faoi na fotheidil seo a leanas:

	2014 €'000	2013 €'000
B 1.1 Tógáil agus Feabhsú Bóithre Náisiúnta	324,000	278,060
B 1.5a Tógáil agus Feabhsú Bóithre Réigiúnacha agus Áitiúla	314,139	315,500
B 1.2 Cothabháil agus Bainistiú Bóithre Náisiúnta	39,500	44,531
B1.5b Cothabháil agus Bainistiú Bóithre Réigiúnacha agus Áitiúla	43,310	84,923
B 1.4 Oibríochtaí Comhpháirtíochta Poiblí Príobháidí	59,111	61,750
B 1.3 Riarachán	11,830	12,500
	791,890	797,264

Cistíonn an tAE roinnt de chlár forbartha agus cothabhála bóithre an Údaráis faoi Chláir Chistí Struchtúracha na hÉireann 2007-2013. Fuair an Ciste Lárnach €0 (2013: €0.4m) sa bhliain 2014 i ndáil leis an gClár Gréasáin Iompair Thras-Eorpaigh. Fuair an Ciste Lárnach €0 (2013: €10.4m) sa bhliain 2014 i bhfáltais an Chiste Chomhtháthaithe i ndáil le híocaíocht dheireanach faoi thionscadal Seachbhóthair na hInse.

2 Aisíocaíochtaí Deontais

	2014 €'000	2013 €'000
Tógáil agus Feabhsú Bóithre Náisiúnta	680	8,113
Cothabháil agus Bainistiú Bóithre Náisiúnta	204	21
Tógáil agus Feabhsú Bóithre Réigiúnacha	0	2
Cothabháil agus Bainistiú Bóithre Réigiúnacha	0	99
	884	8,235

3 Ioncam Dola

	2014 €'000	2013 €'000
Tollán Bhaile Átha Cliath	11,753	10,393
eFlow an M50	98,179	93,689
M4 Chill Choca/Chionn Átha Gad	989	726
	110,921	104,808

Is ionann an tIoncam Iomlán agus:

a) Dolaí tuillte, glan ar CBL, muirir shonracha ag oibreoirí dola, íocaíochtaí idiroibritheachta agus suimeanna a mheastar bheith dobhailithe, ag oibreoirí dola. Díscríobhadh dolaí arbh fhiú €4.5m (2013 : €4.3m) iad i rith na bliana.

b) cion den ioncam atá dlite faoi théarmaí an chonartha CPP don scéim an M4 Cill Choca/Cionn Átha Gad.

Cáin Bhreisluacha – Ioncam Dola

Is é an tÚdarás a oibríonn an M50 agus Tollán Bhaile Átha Cliath trí chonarthaí a ndeachthas ina mbun le páirtithe éagsúla. Osclaíodh Tollán Bhaile Átha Cliath thiar sa bhliain 2006 agus cuireadh tús leis na socruithe do ghearradh dola eFlow ar an M50 i mí Lúnasa 2008, agus níorbh infheidhmithe í an CBL don dola sa dá chás anuas go dtí mí Iúil 2010. D'fhógair na Coimisinéirí Ioncaim don Údarás sa bhliain 2010, go contrártha leis na socruithe a bhí i bhfeidhm an tráth úd, gur tháinig gearradh dola ag comhlacht poiblí faoi réir na CBL, a rabhthas chun cur i bhfeidhm ón 1 Iúil 2010 ar aghaidh. Thug an tÚdarás dúshlán do na Coimisinéirí Ioncaim ina leith sin agus tarchuireadh an t-ábhar chuig Oifig na gCoimisinéirí Achomhairc. Reáchtáladh éisteacht os comhair Oifig na gCoimisinéirí Achomhairc i mí an Mhárta 2014 agus chinn na Coimisinéirí Achomhairc an t-ábhar a tharchur do Chúirt Bhreithiúnais an Aontais Eorpaigh. Is laistigh de na muirir dhola reatha a thabhaigh an tÚdarás costas na míre CBL, agus coinníonn sé air ag loghadh na míre CBL (glan ar CBL i leith costas ionchuir) den ioncam dola leis na Coimisinéirí Ioncaim.

4 Fáltais Éagsúla

a) Forbairt agus Cothabháil Bóithre:

	2014 €'000	2013 €'000
Ús Éarlaise	6	30
Ioncam Ilghnéitheach	236	325
Ioncam Comhroinnte Priacail Árachais	(104)	2,565
Cion Ioncaim ó Limistéar Seirbhíse Mótarbhealaigh	614	608
	752	3,528

Comhroinnt an Phriacail Árachais: Tá clásal comhroinnte an phriacail árachais ag roinnt tionscadal CPP. Is faoin gclásal sin a dhéantar na costais árachais a athbhreithniú gach trí bliana, agus is féidir cúiteamh a íoc leis an Údarás, nó bheith iníoctha ag an Údarás, ag brath ar na costais a thabhaítear sa tréimhse. Eascraíonn (caiteachas) / ioncam ar scéimeanna CPP mar seo a leanas mar thoradh ar an bpróiseas athbhreithnithe:

	2014 €'000	2013 €'000
Seachbhóthar Chathair Phort Láirge an N25	3	7
Seachbhóthar Thiar Dhún Dealgan an M1	(47)	762
Cluain Aodha/Ceanannas an M3	(179)	769
Gaillimh/Béal Átha na Sluaighe an N6	4	588
Ráth Chormaic/Mainistir Fhear Maí an N8	115	439
	(104)	2,565

Comhroinnt Ioncaim ó Limistéar Seirbhíse Mótarbhealaigh: Chuaigh an tÚdarás i mbun Chonradh CPP do Limistéir Sheirbhíse Mótarbhealaigh ar an M1 agus an M4. Áirítear forálacha comhroinnte ioncaim leis an gconradh. B'ionann an t-ioncam dlite don bhliain 2014 agus €614k (2013: €608k).

b) Riarachán:

	2014 €'000	2013 €'000
Ús Éarlaise	0	3
Tástáil Ábhair Bhóithre	53	39
Díol Foilseachán	4	4
Ioncam Ilghnéitheach	89	72
	146	118

5 Cuntas Caipitil

	€'000	€'000
Amhail 1 Eanáir 2014		135,485
Ioncam a Úsáidtear chun Sócmhainní Seasta a Cheannach – Riarachán	29	
Amúchadh i gcomhréir le Dímheas Sócmhainne - Riarachán	(329)	(300)
Ioncam a Úsáidtear chun Sócmhainní Seasta a Cheannach - Forbairt agus Cothabháil Bóithre	3,570	
Amúchadh i gcomhréir le Dímheas Sócmhainne - Forbairt agus Cothabháil Bóithre	(9,211)	
Caillteanas Bearnúcháin – Forbairt agus Cothabháil Bóithre	(249)	
Diúscairt Sócmhainní Seasta – Forbairt agus Cothabháil Bóithre	(43)	(5,933)
Amhail 31 Nollaig 2014		129,252

6 Tuarastail agus ÁSPC

	2014 €'000	2013 €'000
Tuarastail	7,390	7,964
ÁSPC Fostóirí	600	646
	7,990	8,610

Baineadh tobhach pinsin arbh fhiú €588k (2013: €637k) é agus íocadh anonn leis an Roinn Iompair, Turasóireachta agus Spóirt é. Is mar seo a leanas an luach saothair i ndáil le Fred Barry (Príomhfheidhmeannach i rith na bliana 2014):

	2014 €'000	2013 €'000
Tuarastal	236	247
Ranníocaíocht don Phinsean	47	49
Liúntas Gluaisteáin	14	14
	297	310

Ní ball de Scéim Aoisliúntais Údarás um Bóithre Náisiúnta é Fred Barry (Príomhfheidhmeannach i rith na bliana 2014). Déantar ranníocaíocht pinsin le ciste scoir phearsanta ag 20% den tuarastal.

7 Táillí agus Caiteachais Stiúrthóirí

	2014 €'000	2013 €'000
a) Táillí Stiúrthóirí	60	46
b) Caiteachais Stiúrthóirí	1	0
	61	46

(a) Is iad seo a leanas na Táillí do Stiúrthóirí i rith na bliana:

	2014 €'000	2013 €'000
Fred Barry (Príomhfheidhmeannach le linn na bliana 2014)	0	0
Cormac O'Rourke (Cathaoirleach)	11.9	11.9
Gary Comiskey	7.7	7.7
Jacqueline Cross	7.7	7.7
Sandra Murphy (Arna ceapadh 07/06/2013)	7.7	4.4
David O'Connor *	7.7	1.0
Virginia O'Dowd (Arna ceapadh 08/07/2014)	2.0	0
Joe O'Mahony (Arna cheapadh 14/02/2013)	7.7	6.8
Robert Rowan (D'éirigh as 08/07/2013)	0	4.0
Joe O'Mahony (Arna cheapadh 26/09/2013)	7.7	2.0
Declan Walsh (D'éirigh as 20/06/2014)	0	0
	60.1	45.5

*Athcheapadh David O'Connor ina chomhalta boird an 27 Meitheamh 2013. Fuair sé táillí ó 14 Samhain 2013 tar éis dó éirí as a phost san earnáil phoiblí.

(b) B'ionann na caiteachais a íocadh leis na Stiúrthóirí i rith na bliana agus €1k (2013: €0k), lenar bhain muirir thaistil. Ba ina fheidhm mar Phríomhfheidhmeannach i rith na bliana 2014 a tabhaíodh na caiteachais a íocadh le Fred Barry i rith na bliana, agus ní mar Chomhalta den Bhord.

(c) Ní bhfaigheann Fred Barry (Príomhfheidhmeannach le linn na bliana 2014) táille as fónamh ar an mBord.

8 Costais Phinsin

a) Anailís ar Chostais Phinsin Iomlána a Ghearrtar don Chaiteachas

	2014 €'000	2013 €'000
Costas Seirbhíse Reatha	2,167	2,204
Ús ar Dhliteanais Scéime Pinsin	2,260	2,316
Ranníocaíochtaí Fostaí	(391)	(396)
	4,036	4,124

b) Gluaiseacht sa Ghlandliteanas Pinsin i rith na Bliana Airgeadais

	2014 €'000	2013 €'000
Glandliteanas Pinsin an 1 Eanáir	58,720	60,154
Costas Seirbhíse Reatha	2,167	2,204
Ús ar Dhliteanais Scéime Pinsin	2,260	2,316
(Gnóthachan) / Caillteanas Achtúireach	6,038	(4,774)
Pinsin iníoctha sa bhliain	(1,168)	(1,180)
Glandliteanas Pinsin an 31 Nollaig	68,017	58,720

c) Cistiú Pinsin Iarchurtha

Aithníonn an tÚdarás suimeanna i bhfiach ar an Stát don dliteananas neamhcistithe iarchurtha i gcomhair pinsean ar bhunús an tacair thoimhdí ag nóta 8 (e) agus roinnt imeachtaí roimhe seo. Áirítear leis na himeachtaí sin an bunús reachtúil do bhunú na scéime pinsin agus an beartas agus an cleachtas atá i bhfeidhm i láthair na huaire i ndáil le cistiú na bpinsean seirbhíse poiblí, lena n-áirítear ranníocaíochtaí ag fostaithe agus an próiseas meastachán bliantúil. Níl aon fhianaise ag an Údarás nach leanfaidh an beartas cistithe sin ar aghaidh ag sásamh na suimeanna úd i gcomhréir leis an gcleachtas reatha.

Ba mar seo a leanas an Cistiú Glan Iarchurtha do Phinsin a aithnítear sa Chuntas Ioncaim agus Caiteachais Riaracháin:

	2014 €'000	2013 €'000
Cistiú In-aisghabhála i ndáil le Costais Phinsin i mBliana	4,427	4,520
Deontas Stáit Infheidhmithe chun Pinsinéirí a Íoc	(1,168)	(1,180)
	3,259	3,340

B'ionann an tsócmhainn chistithe iarchurtha do phinsin amhail 31 Nollaig 2014 agus €68,017k (2013:€58,720k).

d) Stair na nOibleagáidí Sochair Shainithe

	2014 €'000	2013 €'000	2012 €'000	2011 €'000
Oibleagáidí Sochair Shainithe	(68,017)	(58,720)	(60,154)	(55,961)
Gnóthachain ó Thaithí ar Dhliteanais Scéime	2,310	4,774	3,642	2,235
Céatadán na nDliteanas Scéime	2.7%	8.1%	6.1%	4.0%
Caillteanais Foshuímh ar Dhliteanais Scéime	(8,348)	0	(4,937)	(5,208)
Céatadán na nDliteanas Scéime	(12.3%)	-	(8.2%)	(9.3%)

Is ionann an caillteanas achtúireach carnach a aithnítear sa Ráiteas um Ghnóthachain agus Caillteanais Aitheanta Iomlána ag €20,794k (2013: €14,756k).

e) Tuairisc Ghinearálta ar an Scéim

Is socrú pinsin le sochar sainithe ag an tuarastal deireanach í an scéim pinsin, leis na sochair agus na ranníocaíochtaí arna sainiú trí thagairt a dhéanamh do rialacháin reatha 'samhlach' na hearnála poiblí. Soláthraítear leis an scéim pinsean (aon ochtódú in aghaidh na bliana seirbhíse), aisce nó cnapshuim (trí ochtódú in aghaidh na bliana seirbhíse) agus pinsin chéilí agus leanaí. Is é an 65ú breithlá ag ball an ghnáthaois scoir, agus bíonn teidlíocht ag baill roimh an mbliain 2004 chun scor gan laghdú achtúireach ó 60 bliain d'aois. Is gnách go méadaítear na pinsin á n-íoc (agus á n-iarchur) i gcomhréir leis an mboilsciú tuarastail ghinearálta san earnáil phoiblí.

Táthar tar éis an luacháil as ar baineadh leas do nochtadh FRS17 (Leasaithe) a bhunú ar luacháil achtúireach iomlá (Feabhra 2015) ag achtúire neamhspleách cáilithe ag tabhairt san áireamh riachtanais an FRS17 (Leasaithe) d'fhonn dliteanais na scéime a mheasúnú an 31 Nollaig 2014.

Ba mar seo a leanas iad na toimhdí achtúireacha príomha:

	2014	**2013**
Méaduithe Tuarastail na Todhchaí	2.25%	3.00%
Méaduithe Pinsin na Todhchaí	1.75%	2.50%
Ráta Lascaine	2.20%	3.75%
Boilsciú na Todhchaí	1.25%	2.00%
Méaduithe Pinsin Stáit na Todhchaí	1.25%	2.00%

Ceadaíonn an bunús básmhaireachta a nglactar leis d'fheabhsuithe san ionchas saoil le himeacht ama, ionas go mbraithfidh an t-ionchas saoil ag aois scoir ar an mbliain ina mbainfidh an ball aois scoir amach (aois 65 bliain). Taispeántar sa tábla thíos an t-ionchas saoil do bhaill a bhaineann aois 65 bliain amach sa bhliain 2014 agus sa bhliain 2034.

An Bhliain ar Baineadh Amach Aois 65	**2014**	**2034**
Ionchas Saoil – Fireann	85.8	88.3
Ionchas Saoil – Baineann	88.4	90.5

9 Costais Riaracháin Eile

	2014 €'000	**2013 €'000**
Teileafón agus Postas	108	110
Priontáil agus Stáiseanóireacht	44	51
Muirir Ríomhaireachta	348	282
Táillí Iniúchta	9	24
Leabhair agus Tréimhseacháin	30	29
Árachais	37	30
Deisiúcháin agus Cothabháil - Trealamh	8	9
Ilearraí	212	176
Forbairt/Cúrsaí Foirne	111	47
Táillí Comhairleachta	12	36
	919	794

10 Costais Chóiríochta

	2014 €'000	**2013 €'000**
Cíos, Rátaí agus Seirbhísí	1,629	1,625
Solas agus Téamh, Glanadh	121	134
Deisiúcháin, Cothabháil agus Slándáil	22	35
	1,772	1,794

11 Féichiúnaithe agus Réamhíocaíochtaí

	2014 €'000	2013 €'000
Féichiúnaithe Ioncaim Dhola	11,295	10,439
Féichiúnaithe Eile	194	294
Réamhíocaíochtaí agus Ioncam Fabhraithe	2,604	8,044
	14,093	18,777

Éiríonn gach Féichiúnaí dlite laistigh d'aon bhliain amháin. Áirítear leis an méid a thaispeántar d'Fhéichiúnaithe soláthar in aghaidh drochfhéich ar fiú €3.4m (2013 : €3.4m) é

Feidhmíonn an tIoncam Dola €11.3m infhaighte ag deireadh na bliana i ndáil le Tollán Bhaile Átha Cliath agus eFlow an M50 do mhéideanna a íocfar leis an Údarás ó oibreoirí dolta. Ní áirítear leis muirir dhola ar fiú €3.4m (2013 : €3.4m) don eFlow é a mheasann an t-oibreoir dola bheith dobhailithe.

12 Creidiúnaithe agus Fabhruithe

	2014 €'000	2013 €'000
Tuarastail	369	335
Creidiúnaithe agus Caiteachais Eile	34,627	30,785
	34,996	31,120

Éiríonn gach Creidiúnaí dlite laistigh d'aon bhliain amháin.

13 Sócmhainní Seasta Inláimhsithe

	Iomlán €'000	Troscán, Daingneáin & Feistis €'000	Trealamh €'000	Talamh €'000	Trealamh Leictreonach €'000	Comharthaí Treoracha €'000	Trealamh Sábháilteachta & Eile €'000	Limistéir Sheirbhíse €'000	Iostaí Cothabhála €'000	Sócmhainní Eflow an M50 €'000
Costas										
Amhail 1 Eanáir 2014	169,338	2,222	1,484	8,373	29,167	42,996	910	47,313	24,573	12,300
Breiseáin	3,599	3	26	184	1,994	157	0	0	1,055	180
Diúscairtí	10	(1)	10	0	(46)	0	(33)	0	0	0
Amhail 31 Nollaig 2014	172,847	2,224	1,500	8,557	31,115	43,153	877	47,313	25,628	12,480
Dímheas										
Amhail 1 Eanáir 2014	33,853	1,768	1,285	0	10,202	7,885	604	5,725	894	5,490
Arna Soláthar	9,540	225	104	0	3,210	2,157	91	1,577	855	1,321
Diúscairtí	(47)	(1)	(10)	0	(9)	0	(27)	0	0	0
Bearnúchán	249	0	0	230	0	0	0	0	0	19
Amhail 31 Nollaig 2014	43,595	1,992	1,379	230	13,403	10,042	668	7,302	1,749	6,830
Glanluach de réir na Leabhar an 31 Nollaig 2014	129,252	232	121	8,327	17,712	33,111	209	40,011	23,879	5,650
Glanluach de réir na Leabhar an 31 Nollaig 2013	135,485	454	199	8,373	18,965	35,111	306	41,588	23,679	6,810

Is ionann na bearnúcháin agus:

- Díluacháil €230k chun léiriú do luach margaidh na maoine a dhíol an tÚdarás sa bhliain 2015 agus
- Díluacháil sócmhainne eFlow an M50 ag teacht chuig €19k gan bheith in úsáid a thuilleadh

14 Cánachas

Díolmhaítear an tÚdarás óna thuilleadh cánachais ar a ioncam úis agus cíosa sa bhreis ar an méid a asbhaintear ag an bhfoinse le hAlt 32 den Acht Airgeadais, 1994. Níor éirigh aon dliteanas cánach breise aníos i gcaitheamh na bliana.

15 Tiomantais

a) Tiomantais Airgeadais

a. Ghlac an tÚdarás le léas fiche bliain ón 1 Eanáir 1996 i ndáil le cóiríocht ag Teach Naomh Méirtin, Bóthar Waterloo, Baile Átha Cliath 4, faoi réir ag athbhreithnithe cíosa chúig bliana. Is ionann an cíos is iníoctha ón 1 Eanáir 2011 agus €1,075,000 in aghaidh na bliana.

b. Ghlac an tÚdarás le léas naoi mbliana agus aon mhí dhéag ón 1 Eanáir 2006 i ndáil le cóiríocht ag Teach Chill Dreasa, Bóthar Pheambróg, Baile Átha Cliath 2, faoi réir ag athbhreithnithe cíosa chúig bliana. Is ionann an cíos is iníoctha ón 1 Eanáir 2011 agus €211,826 in aghaidh na bliana.

c. Ghlac an tÚdarás le léas fiche bliain ón 1 Eanáir 2004 le Comhairle Contae Dhún na nGall i ndáil le cóiríocht d'Oifig Bóithre Náisiúnta Dhún na nGall. Is ionann an cíos agus €226,648 in aghaidh na bliana.

b) Réamh-Thiomantais

Tá an Roinn Caiteachais Phoiblí agu Athchóirithe, faoin gCód Caiteachais Phoiblí (leagan mhí na Samhna 2013), tar éis na teorainneacha réamhthiomantais chonartha a leasú ó na cinn a leagadh amach roimhe seo ag an Roinn Airgeadais. Rinne an tÚdarás anailís ar réamhtiomantais chonartha, ar costais réamh-mheasta iad a thagann faoi réir athraitheas candaim agus uainíochta, agus is iad seo a leanas iad:

Bliain	Tiomantas € Milliún	Cistiú caipitil arna fhaomhadh ag an Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe don Údarás 2015-2017 € Milliún	Tiomantas mar % den leithdháileadh bliantúil	Tiomantas arna cheadú ag an Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe mar % den leithdháileadh bliantúil
2015	238	326	73%	75%
2016	159	277	57%	60%
2017	135	277*	49%	50%

*Leithdháileadh Deontais don bhliain 2017 fós le deimhniú.

c) Réamh-Thiomantais Chomhpháirtíochta Poiblí Príobháidí

	Méid Ainmniúil € milliún	
Seachbhóthar Chathair Phort Láirge an N25	55.5	
Tollán Luimnigh an N18	42.2	
Uasghrádú an M50	798.9	
N6 Gaillimh chuig Béal Átha na Sluaighe	94.6	
M3 Cluain Aodha/Ceanannas		311.1
M7/M8 Phort Laoise	15.2	
Seachbhóthar Thiar Dhún Dealgan an M1	3.2	
N8 Ráth Chormaic/Mainistir Fhear Maí		23.9
M4/M6 Cill Choca/Cionn Átha Gad	6.2	
N11 An tInbhear Mór/Ráth Naoi		448.4
N17/N18 An Gort chuig Tuaim		933.6
	2,732.8	

Is ionann an t-iomlán €2,732.8m seo agus luach ainmniúil neamhlascainithe na réamhthiomantas sin (cé is moite den CBL) amhail ón 1 Eanáir 2015 agus glactar leis go mbeidh an ráta boilscithe ag 2% in aghaidh na bliana. Ní áirítear leis íocaíochtaí i ndáil le Ceannach Amach an M50 agus íocaíochtaí Oibriúcháin Athraitheacha.

Foráladh in dá chonradh CPP (Cluain Aodha/Ceanannas an M3 agus Tollán Luimnigh an N18) d'íocaíochtaí oibriúcháin athraitheacha leis an oibreoir CPP sa chás go n-íslítear toirteanna tráchta faoi bhun leibhéal sonraithe. Áirítear sonraí íocaíochtaí atá dlite don bhliain 2014 faoi nóta 18(C). Beidh na híocaíochtaí oibriúcháin athraitheacha fós iníoctha don am amach romhainn.

16 Comhaltaí Boird - Fógairt Leasanna

Ghlan Bord an Údaráis le nósanna imeachta i gcomhréir le halt 40 den Acht um Bóithre, 1993 i ndáil le nochtadh leasanna ag Comhaltaí Boird agus ag a n-ainmnithe, agus cloíodh leis na nósanna imeachta úd i gcaitheamh na bliana. Ní raibh aon idirbheart sa bhliain i ndáil le gníomhaíochtaí an Údaráis a raibh aon leas tairbheach ag aon Chomhalta Boird nó ag a n-ainmnithe.

17 Caiteachas

a) Tógáil agus Feabhsú Bóithre

	2014 €'000	2013 €'000
Íocaíochtaí le hÚdaráis Áitiúla – Bóithre Náisiúnta	201,358	203,818
Íocaíochtaí le hÚdaráis Áitiúla – Bóithre Réigiúnacha agus Áitiúla	314,139	315,026
Íocaíochtaí Eile	78,354	40,348
	593,851	559,192

Áirítear leis an gcaiteachas €201m thuas íocaíochtaí breise arbh fhiú f €17.1 milliún iad leis na húdaráis áitiúla sa bhliain 2014 chun éilimh ag éirí as imeachtaí réitigh agus eadrána arna dtionscnamh ag na conraitheoirí a bhaineann leis na tionscadail bhóithre. Áiríodh leis sin €13 milliún d'íocaíochtaí le conraitheoirí agus €4.1 milliún i bhfoirm íocaíochtaí eile (CBL, táillí dlíthiúla, comhairleach innealtóireachta agus réiteora). Tá imeachtaí réitigh / eadrána ar bun i ndáil le roinnt tionscadal eile.

Ghlac an Roinn Iompair, Turasóireachta agus Spóirt freagracht uirthi féin sa bhliain 2014 as bainistiú agus faomhadh na réiteach údaráis áitiúil iníoctha i ndáil le tógáil, feabhsú, cothabháil agus bainistiú na mbóithre réigiúnacha agus áitiúla. Is í an Roinn Iompair, Turasóireachta agus Spóirt a bhíodh freagrach i gcónaí as cinneadh na leithdháiltí bliantúla le húdaráis áitiúla i ndáil le bóithre réigiúnacha agus áitiúla, agus is í a bhíonn freagrach as i dtólamh. Ar mhaithe leis an éifeachtúlacht riaracháin ab amhlaidh a lean an tÚdarás ar aghaidh ag glacadh freagrachta as eisiúint na n-íocaíochtaí.

b) Cothabháil agus Bainistiú Bóithre

	2014 €'000	2013 €'000
Íocaíochtaí le hÚdaráis Áitiúla - Bóithre Náisiúnta	26,967	28,860
Íocaíochtaí le hÚdaráis Áitiúla – Bóithre Réigiúnacha agus Áitiúla	43,310	80,863
Íocaíochtaí Eile	13,765	19,619
	84,042	129,342

18 Comhpháirtíocht Phoiblí Phríobháideach, Oibríochtaí Tolláin agus Gearradh Dola

		2014 €'000	2013 €'000
Costais Choimhdeacha	a)	11,029	8,714
Íocaíochtaí Tógála Comhpháirtíochta Poiblí Príobháidí	b)	19,133	413
Íocaíochtaí Oibríochta Comhpháirtíochta Poiblí Príobháidí	c)	89,981	94,860
Ceannach Amach an M50	d)	51,603	51,543
Oibríochtaí Tolláin agus Gearradh Dola	e)	44,754	37,708
		216,500	193,238

a) Costais Choimhdeacha

Baineann na costais choimhdeacha a tabhaíodh le pleanáil na scéime, maoirsiú na scéime, seirbhísí airgeadais, dlíthiúla agus comhairleacha teicniúla, le seirbhísí idir-inoibritheachta, fógraí reachtúla agus margaíocht.

b) Íocaíochtaí Tógála Comhpháirtíochta Poiblí Príobháidí

	2014 €'000	2013 €'000
Uasghrádú an M50	1,736	413
N11 An tInbhear Mór/Ráth Naoi	17,397	0
	19,133	413

Uasghrádú an M50

Bronnadh an conradh don CPP d'Uasghrádú an M50 i mí Mheán Fómhair 2007 ar chuibhreannas ICON a bhunaigh M50 Concession Limited.

Bhain leathnú 24km den M50 ó thaobh deas d'acomhal Thurnapain an M1/M50 chuig acomhal an N3 agus ó thaobh deas d'acomhal Áth an Ghainimh leis an gConradh CPP d'Uasghrádú an M50, lena n-áirítear uasghrádú acomhal ar feadh na gcodanna sin. Bronnadh an Conradh CPP d'Uasghrádú an M50 an 27 Meán Fómhair 2007 ar feadh tréimhse chonartha 35 bliain. Ba i mí Mheán Fómhair 2010 a osclaíodh na codanna uasghrádaithe den M50 go hoifigiúil.

I dteannta leis an gconradh CPP d'Uasghrádú an M50, ab amhlaidh a bronnadh conarthaí ar leithligh do leathnú beagnach 8km den charrbhealach príomhlíne idir an N4 (Acomhal 7) agus Baile an Mhóta (Acomhal 10) agus uasghrádú acomhail an N4, N7 agus Bhaile an Mhóta chomh maith le leathnú 1.3km den mhótarbhealach ó dheas ó acomhal an N3, ar tugadh iad go léir chun críche sa bhliain 2008. Gearrtar dola ar an M50 idir Acomhail 6 agus 7 trí mheán conartha soláthróra seirbhíse dola ar leithligh arna sholáthar ag an Údarás.

N11 An tInbhear Mór/Ráth Naoi

Bronnadh conradh CPP An tInbhear Mór/Ráth Naoi an N11 ar CPP BAM PGGM i mí Aibreáin na bliana 2013. Áirítear leis an gconradh CPP An tInbhear Mór/Ráth Naoi an N11 dearadh, tógáil, oibriú agus cothabháil tuairim 16.5km de dhé-bhealach ar chodán an N11 idir an tInbhear Mór agus Ráth Naoi, oibriú agus cothabháil codáin bhreise 30km ar fhad de bhealach reatha an M11/N11 (An tInbhear Mór/Guaire agus Seachbhóthar an Inbhir Mhóir), dearadh agus tógáil Limistéar Seirbhíse Ghuaire an N11 agus dearadh, tógáil, oibriú agus cothabháil Uasghrádú Acomhal Chrois an Fhearainn Nua an N7. Mairfidh tréimhse an chonartha ar feadh 25 bliain ó chríochnú na scéime agus tabharfaidh an Conradh CPP a chostais infheistíochta isteach trí íocaíochtaí infhaighteachta arna n-íoc ag an ÚBN.

c) Íocaíochtaí Oibríochta Comhpháirtíochta Poiblí Príobháidí

	2014 €'000	2013 €'000
Seachbhóthar Chathair Phort Láirge an N25	7,349	7,908
Tollán Luimnigh an N18	10,044	11,213
Uasghrádú an M50	24,188	24.226
N6 Gaillimh/Béal Átha na Sluaighe	20,133	20,193
M3 Cluain Aodha/Ceanannas	17,533	18,610
M7/M8 Phort Laoise	4,808	6,068
Seachbhóthar Dhún Dealgan Thiar an M1	219	703
N8 Ráth Chormaic/Mainistir Fhear Maí	5,390	5,623
M4/M6 Cill Choca/Cionn Átha Gad	317	726
	89,981	94,860

Seachbhóthar Chathair Phort Láirge an N25

Bronnadh conradh CPP do Sheachbhóthar Chathair Phort Láirge an 21 Aibreán 2006 ar The Celtic Roads Group (Waterford) Ltd. Is ar feadh tréimhse lamháltais 30 bliain é an conradh. Bhain tógáil seachbhóthar an N25 leis an scéim, ag síneadh ó Chill Mhíodáin i gContae Phort Láirge chuig Sliabh Rua i gContae Chill Chainnigh. Trasnaíonn an bealach an tSiúir ag an nGreanach, ag soláthar an dara droichead mór thar an Siúir do Phort Láirge dá réir agus ag ligean don trácht ar bhealach an N25 idir Corcaigh agus Ros Láir chun seachbhóthar a thabhairt don chathair. Bhain tuairim 23km débhealaigh, droichead thar an Siúir tuairim 475m ar fhad agus tuairim 4km de thógáil aonbhealaigh leis an scéim. Áiríodh leis an gconradh 11km breise de thaobh-bhóithre agus bóithre ceangailte agus athailíniú iarnróid 2km (iarnród caol cé is moite d'oibreacha iarnróid) i limistéar acomhal an naisc thiar. Osclaíodh an scéim, a ngearrtar dola uirthi, do thrácht i mí Dheireadh Fómhair 2009.

Tollán Luimnigh an N18

Bronnadh an conradh CPP do Thollán Luimnigh ar an gcuibhreannas *The Direct Route (Limerick)* ar bhunús lamháltais 35 bliain an 18 Lúnasa 2006.

Bhain tógáil tuairim 10km débhealaigh úir le Scéim CPP Thollán Luimnigh, i dteannta le nascbhóithre agus taobh-bhóithre gaolmhara. Bhain tollán báite leis an tollán trasna na Sionainne, timpeall 0.9km ar fhad, ag nascadh bhaile fearainn Chuanach ar an mbruach thuaidh le baile fearainn Bhun Leice ar bhruach theas na Sionainne. Osclaíodh an scéim, a ngearrtar dola uirthi idir acomhal 2 agus 4, do thrácht i mí Iúil 2010.

N6 Gaillimh/Béal Átha na Sluaighe

Bronnadh an conradh CPP Gaillimh/Béal Átha na Sluaighe an N6 ar an gcuibhreannas *N6 (Concessions) Limited* an 4 Aibreán 2007. Is ar feadh tréimhse lamháltais 30 bliain é an conradh. Bhain tógáil tuairim 56km de dhé-bhealach nua, nascbhóthar 7km le seachbhóthar Bhaile Locha Riach, 32km de thaobh-bhóithre agus cúig acomhal ilairde leis an scéim. Síneann an scéim ó Dhabhach Uisce, taobh thoir de Chathair na Gaillimhe chuig an N6 reatha taobh thoir de Bhéal Átha na Sluaighe i gContae Ros Comáin. Osclaíodh an scéim, a ngearrtar dola uirthi idir acomhal 15 agus 16, do thrácht i mí na Nollag 2009.

M3 Cluain Aodha/Ceanannas

Bronnadh an conradh Chluain Aodha/Cheanannais an M3 ar an gcuibhreannas EuroLink. Bronnadh an conradh an 7 Márta 2007 agus mairfidh sé ar feadh 45 bliain lena n-áirítear an tréimhse thógála.

Bhain tógáil mótarbhealaigh tuairim 47km ar fhad leis an scéim, lena soláthraítear seach-bhóithre do Dhún Búinne, Dún Seachlainn, don Uaimh, Ceanannas agus Carn na Ros; a nasctar trí bhóithre coimhdeacha leis an ngréasán bóithre réamhbhunaithe trí acomhail ilairde ag an mBealach, Dún Seachlainn, Baile Bhluindéil, Cill an Chairn, Bóthar Bhaile Átha Buí agus Ceanannas. Áirítear leis an scéim iomlán 10km de bhóthar Dhé-Bhealach nua an N3 ó Cheanannas chuig an taobh thuaidh de Charn na Ros agus 4km de Sheachbhóthar Cheanannais an N52.

Tógadh 4km breise de Dhé-Bhealach Tánaisteach Náisiúnt Chineál 1 agus 40km san iomlán de Bhóithre Réigiúnacha agus Áitiúla. B'éigean os cionn 100 struchtúr a thógáil, lenar bhain 62 droichead agus lintéir agus ballaí coinneála éagsúla. Osclaíodh an scéim, a ngearrtar dola uirthi idir acomhal 5 agus 6, agus freisin idir acomhail 9 agus 10, do thrácht i mí an Mheithimh 2010.

M7/M8 Port Laoise

Bronnadh an conradh CPP Phort Laoise an M7/M8 ar an gcuibhreannas *Celtic Roads Group (Portlaoise)*. Bronnadh an conradh ar feadh tréimhse lamháltais 30 bliain é an 14 Meitheamh 2007. Bhain tógáil mótarbhealaigh dhola tuairim 41km ar fhad iomlán leis an tionscadal, a sholáthraíonn seachbhóithre ar Mhainistir na Laoise, Darú, An Chúlchoill, Maighean Rátha, Baile an Chaisleáin augs Buiríos Mór Osraí. Tá acomhail ilairde ag Port Laoise, Buiríos Mór Osraí agus Ráth Domhnaigh chomh maith le hacomhal idir dhá mhótarbhealach ag Achadh Bó. Áiríodh leis an scéim freisin nascbhótar réigiúnach nua 3km idir an mótarbhealach siar chuig Buiríos Mór Osraí. Tá tuairim 15km de thaobh-bhóithre, 41 droichead bóthair, 5 droichead iarnróid, 8 dtrasnú abhann lena n-áirítear Abhainn íogair na Feoire ó thaobh an chomhshaoil de agus níos mó ná 120 lintéar agus pasáiste do mhamaigh. Osclaíodh an scéim, a ngearrtar dola uirthi, do thrácht i mí na Bealtaine 2010.

Seachbhóthar Dhún Dealgan Thiar an M1

Bronnadh an conradh CPP do Sheachbhóthar Dhún Dealgan Thiar an M1 ar an gcuibhreannas *Celtic Roads Group (Dundalk) Ltd.* an 5 Feabhra 2004. Is ar feadh tréimhse lamháltais 30 bliain é an conradh. Bhain tógáil, oibriú agus cothabháil fhad 11km den bhóthar mar chuid de phríomhbhealach náisiúnta an N1/M1 i bhfoisceacht Bhaile Dhún Dealgan, Co. Lú, in éineacht le tuairim 8km de thaobh-bhóithre agus bóithre ceangailte gaolmhara.

Tugadh na hoibreacha tógála chun críche sa bhliain 2005. Áirítear leis an tionscadal freisin oibriú agus cothabháil an mhótarbhealaigh reatha timpeall 42km ar fhad, .i. Seachbhóthar Dhún Léire agus Mótarbhealach Dhún Léire/Dhún Dealgan chomh maith le hoibriú agus cothabháil na saoráidí gearrtha dola idir acomhal 7 agus 10 ar scéim an M1 (Baile Mhic Gormáin chuig Mainistir Bhuithe).

N8 Ráth Chormaic/ Mainistir Fhear Maí

Bronnadh an conradhan N8 do Ráth Chormaic/Mainistir Fhear Maí ar an gcuibhreannas *Direct Route (Fermoy) Ltd.* lena mbaineann Kellogg Brown & Root Ltd., Strabag AG, John Sisk & Son (Holdings) Ltd., Lagan Holdings Ltd., Roadbridge Ltd. agus Chéad Chiste do Bhonneagar na hÉireann (comhchiste de chuid AIB/An Banc Eorpach Infheistíochta a bunaíodh chun infheistiú i dtionscadail CPP agus i bhforbairtí bonneagair na hearnála príobháidí in Éirinn agus ar fud na hEorpa). Bronnadh an conradh ar feadh tréimhse lamháltais 30 bliain an 11 Meitheamh 2004. Áirítear leis ceangaltais chonartha an chuibhreannais dearadh, tógáil, cothabháil, oibriú, ath-infheistiú agus maoiniú na scéime. Osclaíodh an scéim, a ngearrtar dola uirthi idir acomhail 14 agus 17, do thrácht i mí Dheireadh Fómhair 2006.

M4/M6 Cill Choca/Cionn Átha Gad

Bronnadh an Conradh CPP don M4/M6 Cill Choca/Cionn Átha Gad ar *EuroLink* an 24 Márta 2003. Is iad SIAC Construction Limited agus CINTRA - Concesiones de Infraestrucutras de Transporte, S. A. atá mar bhaill den chuibhreannas *EuroLink*. Is ar feadh tréimhse lamháltais 30 bliain a mhaireann an conradh. Bhain tógáil 39km de mhótarbhealach leis an scéim, lenar áiríodh 19 tardhroichead, 7 bhfodhroichead agus 3 íosbhealach. Osclaíodh an scéim, a ngearrtar dola uirthi idir acomhal 8 agus 10, do thrácht i mí na Nollag 2005.

Ráthaíocht Tráchta: Faoi théarmaí na gconarthaí Comhpháirtíochta Poiblí Príobháidí, is amhlaidh a fhabhraítear cion den fháltas don Údarás faoi réir leibhéil tráchta nó díolachán bheith os cionn tairseach sonraithe. Ina theannta sin, i gcás an M3 Cluain Aodha/Ceanannas agus Thollán Luimnigh, is amhlaidh atá meicníocht ráthaíochta íocaíochta tráchta ann faoinarb éigean don Údarás íocaíochtaí a thabhairt má thiteann an trácht faoi bhun leibhéil éigin. Íocaíochtaí ráthaíochta tráchta dlite don bhliain 2014 ag teacht chuig €2,301k (2013 : €2,660k) i ndáil le M3 Cluain Aodha/Ceanannas agus €5,059k (2013 : €5,205k) i ndáil le Tollán Luimnigh an N18; gearradh iad do na cuntais agus áirítear leis na figiúirí thuas iad.

d) Ceannach Amach an M50

Is ionann na híocaíochtaí do cheannach amach an M50 agus an méid atá dlite faoin gcomhaontú foirceanta an Naisc Thiar ar fiú €51,303k (2013: €51,255k) iad agus íocaíocht Cháin Bhreisluacha ar an tsuim fhoirceanta chonartha leis na Coimisinéirí Ioncaim ar fiú €300k (2013: €288k) í.

e) Oibríochtaí Tolláin agus Gearradh Dola Údaráis

	2014	**2013**
	€'000	**€'000**
Tollán Bhaile Átha Cliath	13,111	12,096
EFlow an M50	29,027	22,863
Tollán Jack Lynch	2,616	2,749
	44,754	37,708

Baineann na costais sin le costais oibriúcháin, costais bhailithe dola agus muirir údaráis áitiúil i leith Thollán Bhaile Átha Cliath; costais bhailithe dola agus rátaí údaráis áitiúil ar eFlow an M50 agus costais oibriúcháin Thollán Jack Lynch.

Áirítear le muirear na bliana 2013 i ndáil le eFlow an M50, ar fiú €22.9m é, an éifeacht le haisíoc rátaí €5m dlite ó dhá údarás áitiúla i ndáil le rátaí íoctha sa bhliain 2013 agus sna blianta roimhe sin. Tháinig aisíoc na rátaí mar thoradh ar bhreithniú na Cúirte Uachtaraí ag éirí as caingean arna thabhairt ag tríú páirtí nár bhain leis an Údarás.

19 Caingne Dlíthiúla

Tá baint ag an Údarás le roinnt cásanna dlíthiúla arb éiginnte iad na torthaí leo. Ní dhearna an tÚdarás aon fhoráil d'aon chostais ag éirí astu.

20 Comparáidí

Táthar tar éis comparáidí áirithe i nótaí 17 agus 18 a athrangú chun bheith ar aon dul lena gcóireáil sa bhliain reatha.

21 Cumasc

Foráiltear san Acht um Bóithre 2015 do dhíscaoileadh na Gníomhaireachta um Fháil Iarnróide agus d'aistriú a feidhmeanna agus a pearsanra chuig an Údarás um Bóithre Náisiúnta. Glacann an Bord leis go leanfar ar aghaidh ag déanamh gach ceann dá gníomhaíochtaí reatha. Is é an chaoi nach gcreideann sé aon choigeartú bheith de dhíth i leith na ráiteas airgeadais chun aon athstruchtúrú féideartha a léiriú, agus d'ullmhaigh sé na ráitis airgeadais seo ar bhonn an ghnóthais leantaigh dá réir.

22 Faomhadh na Ráiteas Airgeadais

Thug an Bord faomhadh do na ráitis airgeadais sin 27 Lúnasa 2015.

Baill den Bhord 2014

Cormac O'Rourke (Chairman)

Fred Barry (CEO)

Declan J. Walsh

Virginia O'Dowd

Jacqueline Cross

Gary Comiskey

Joe O'Mahony

Senan Turnbull

Sandra Murphy

David O'Connor

Aidan Horan (An Coiste Iniúchta Neamhspleách Cathaoirleach)